BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

11 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí – Treoracha 2002/20/CE, 2002/21/CE agus 2002/77/CE – Cearta ar radaimhinicíochtaí craoltóireachta digití trastíre a úsáid le haghaidh an raidió agus na teilifíse – Tiontú ceart úsáide – Deonú ceart úsáide – Cosaint dlí – Neamhspleáchas na n-údarás náisiúnta rialála)

I gCásanna Uamtha C-764/23 go C-766/23,

TRÍ IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreitheanna an 1 Nollaig 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Nollaig 2023, sna sraitheanna imeachtaí

**Cairo Network Srl** (C-764/23),

**Europa Way Srl** (C-765/23),

**Persidera SpA** (C-766/23)

v

**Ministero delle Imprese e del Made in Italy** (C-764/23 agus C-766/23),

**Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni,**

**Presidenza del Consiglio dei Ministri** (C-765/23),

**Ministero dell'Economia e delle Finanze** (C-765/23),

**Ministero dello Sviluppo economico** (C-765/23),

idiragraithe:

**Radiotelevisione italiana SpA (RAI),**

**Persidera SpA** (C-764/23 agus C-765/23),

**Mediaset SpA** (C-764/23 agus C-765/23),

**Elettronica Industriale SpA,**

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

**Premiata Ditta Borghini e Stocchetti di Torino Srl,**

**Europa Way Srl** (C-764/23 agus C-766/23),

**Prima TV SpA,**

**Associazione di Categoria Aeranti-Corallo** (C-764/23),

**3lettronica Industriale SpA** (C-765/23 agus C-766/23),

**Espansione Srl** (C-766/23),

**Cairo Network Srl** (C-765/23 agus C-766/23),

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, N. Piçarra, O. Spineanu-Matei agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Cairo Network Srl, ag L. R. Perfetti, avvocato,

– Europa Way Srl, ag F. Ferraro agus A. Terranova, avvocati,

– Persidera SpA, ag E. Apa, V. La Rosa, M. Montinari agus I. Picciano, avvocati,

– Radiotelevisione italiana SpA (RAI), ag G. de Vergottini, E. Lenzi agus M. Petitto, avvocati,

– Mediaset SpA agus Elettronica Industriale SpA, ag C. E. Cazzato, D. Lipani, G. M. Roberti, G. Rossi agus M. Serpone, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó S. Fiorentino agus G. Galluzzo, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Cróite, ag G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Conte agus O. Gariazzo, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 27 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú Airteagal 6 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), Airteagail 3, 5, 7 agus 14 de Threoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir 'maidir le hÚdarú') (IO 2002 L 108, lch. 21), arna leasú le Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 37) ('Treoir "maidir le hÚdarú"'), Airteagal 3(3) agus (3a), an chéad fomhír d'Airteagal 4(1) agus Airteagail 8 agus 9 de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair gréasán agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ('an Chreat-Treoir') (IO 2002 L 108, lch. 33), arna leasú le Treoir 2009/140, '"an Chreat-Treoir"') Airteagail 2 agus 4 de Threoir 2002/77/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2002 maidir le hiomaíocht sna margaí do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO 2002 L 249, lch. 21, 'Treoir "na hIomaíochta"'), aithrisí 11 agus 20 de Chinneadh (AE) 2017/899 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le húsáid bhanda minicíochta 470-790 MHz san Aontas (IO 2017 L 138, lch. 131), Airteagail 5, 6, 8, 9, 31 agus 45 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO 2018 L 321, lch. 36) agus ar phrionsabail an chothromais, an neamh-idirdhealaithe, na trédhearcachta, chosaint na hiomaíochta, chosaint an ionchais dhlisteanaigh, na comhréireachta agus na leordhóthanachta.

2 Rinneadh na hiarrataí sin i ndíospóidí ina gcuirtear Cairo Network Srl (C-764/23), Europa Way Srl (C-765/23) agus Persidera SpA (C-766/23) i gcoinne Ministero delle Imprese e del Made in Italy (Aireacht Fhiontair agus Made in Italy, an Iodáil) (C-764/23 agus C-766/23), i gcoinne Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni (an tÚdarás Rialála Cumarsáide, an Iodáil) ('AGCOM') i gcoinne an Presidenza del Consiglio dei Ministri (Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, an Iodáil) (C-765/23), i gcoinne Ministero dell'Economia e delle Finanze (an Aireacht Gheilleagair agus Airgeadais, an Iodáil) (C-765/23) agus i gcoinne an Ministero dello Sviluppo economico (an Aireacht Forbartha Eacnamaíche, an Iodáil) (C-765/23) maidir le sraitheanna imeachtaí, arna seoladh i dtaobh athchumrú bhanda minicíochta 694-790 MHz ('banda minicíochta 700 MHz') agus cearta atá ann cheana féin ar úsáid ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T a thiontú ina gcearta úsáide acmhainní tarchurtha in ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2 agus an cineál ceart úsáide sin a dheonú.

### An dlí lena mbaineann

#### *Dlí an Aontais Eorpaigh*

3 Treoir 'maidir le hÚdarúSainítear in Airteagal 3 den Treoir 'maidir le hÚdarú' na rialacha maidir le húdaruithe ginearálta is infheidhme maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 5(2) agus (6) den Treoir sin:

'(2) I gcás ina bhfuil cearta ar leith le deonú ar radaimhinicíochtaí agus uimhreacha a úsáid, deonóidh na Ballstáit iad, ar iarratas, d'aon ghnóthas ar mhaithe le líonraí nó seirbhísí a sholáthar i dtaobh an údaraithe ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 3, faoi réir fhorálacha Airteagail 6 agus 7 agus Airteagal 11(1)(c) den Treoir seo, agus faoi réir aon riail eile lena gcinntítear go mbainfí feidhm éifeachtach as na hacmhainní sin, i gcomhréir le [Treoir "maidir le hÚdarú"].

Gan dochar do na critéir agus do na sraitheanna imeachtaí sainiúla arna nglacadh ag na Ballstáit chun an ceart ar úsáid radaimhinicíochtaí a dheonú do sholáthraithe seirbhísí ábhair raidió nó craoltóireachta teilifíse d'fhonn cuspóirí leasa ghinearálta a shaothrú i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail, deonófar na cearta úsáide radaimhinicíochtaí agus uimhreacha trí sraitheanna imeachtaí oscailte oibiachtúla trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha comhréireacha, agus, i gcás na radaimhinicíochtaí, i gcomhréir le forálacha Airteagal 9 de ['an Chreat-Treoir']. Féadfaidh eisceacht a bheith ann do cheanglas na nósanna imeachta oscailte i gcásanna inar gá cearta úsáide do speictream raidió a dheonú do sholáthraithe seirbhísí ábhair craoltóireachta raidió nó teilifíse chun cuspóir leasa ghinearálta a bhaint amach mar a shainíonn na Ballstáit i gcomhréir le dlí an Aontais.

[...]

(6) Cinnteoidh na húdaráis náisiúnta inniúla go n-úsáidfí go héifeachtúil éifeachtach na radaimhinicíochtaí i gcomhréir le hAirteagail 8(2) agus 9(2) [den Chreat-Treoir]. Cinnteoidh siad chomh maith nach saobhfar an iomaíocht trí chearta ar radaimhinicíochtaí a úsáid a aistriú nó a charnadh. I dtaca leis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit na bearta iomchuí a ghlacadh ar nós na hoibleagáide maidir le cearta úsáide radaimhinicíochtaí a dhíol nó a léasú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 7(3) den Treoir 'maidir le hÚdarú':

'I gcás inar gá teorainn a chur le deonú ceart úsáide do radaimhinicíochtaí, deonóidh na Ballstáit na cearta sin ar bhonn critéir roghnúcháin oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha. Ní mór aird chuí a thabhairt ar bhaint amach chuspóirí Airteagal 8 [den Chreat-Treoir] agus cheanglais Airteagal 9 den Treoir sin ó thaobh na gcritéar roghnúcháin sin de.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 14 den Treoir 'maidir le hÚdarú', dar teideal 'Athrú Ceart agus Oibleagáidí':

'1. Cinnteoidh na Ballstáit nach inathraithe na gceart, na gcoinníollacha agus na sraitheanna imeachtaí is infheidhme maidir le húdaruithe ginearálta, maidir le cearta úsáide nó maidir le cearta ar acmhainní a chur i bhfeidhm ach i gcásanna ina bhfuil údair oibiachtúla leo agus sa mhéid is réasúnta, i bhfianaise, i gcás inarb iomchuí, na sainchoinníollacha is infheidhme maidir le cearta inaistrithe úsáide radaimhinicíochtaí. [...]

2. Ní theorannóidh ná tharraingeoidh siar na Ballstáit na cearta maidir le cur i bhfeidhm acmhainní nó cearta ar radaimhinicíochtaí a úsáid roimh éag na tréimshe inar deonaíodh iad, ach amháin i gcásanna a bhfuil údair leo agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn agus na forálacha náisiúnta is infheidhme maidir le cúiteamh as cearta a tharraingt siar.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*An Chreat-Treoir*

7 Is sna focail a leanas atá Airteagal 11 den Chreat-Treoir:

'I gcomhréir leis an bprionsabal go ndeighltear feidhmeanna rialála agus oibríochtúla, ba cheart do na Ballstáit neamhspleáchas an údaráis rialála náisiúnta nó na n-údarás náisiúnta rialála a ráthú d'fhonn neamhchlaontacht a gcinntí a áirithiú. Ní dochar ceanglas sin an neamhspleáchais do neamhspleáchas institiúideach agus oibleagáidí bunreachtúla na mBallstát nó do phrionsabal na neodrachta maidir leis na rialacha sna Ballstáit lena rialaítear an córas úinéireachta maoine a leagtar síos in [Airteagal 345 CFAE]. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 De réir Airteagal 2(g) den Treoir sin, tugtar síos don 'údarás náisiúnta rialála' (ÚNR) mar 'an comhlacht nó na comhlachtaí a chuireann Ballstát air ceann amháin de na cúraimí rialála a leagtar amach sa Treoir seo agus i dTreoracha sonracha'. De réir Aireagal 2(l) sin, tá Treoir 'maidir le hÚdarú' ar na 'Treoracha sonracha'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithris 13 de Threoir 2009/140, lenar athraíodh an Chreat-Treoir:

'Ní mór cur le neamhspleáchas [ÚNRanna] lena éifeachtaí d'fheidhmiú ar an reachtaíocht a chinntiú agus le cur lena n-údarás agus intuarthacht a gcinntí. Chuige sin, ní mór foráil shainráite a dhéanamh sa dlí náisiúnta lena gcinntítear go gcosnaítear [ÚNR] atá freagrach as rialáil margaidh *ex ante* nó as réiteach díospóidí idir gnóthais ar aon idirghabháil sheachtrach nó brú polaitiúil lena bhféadfaí cur óna neamhchlaontacht agus measúnú á dhéanamh ar cheisteanna arna gcur faoina bhráid. Déantar lena leithéid de thionchar seachtrach nach bhfuil comhlacht reachtach in ann chuig beart a dhéanamh i gcáil [ÚNR] de réir na reachtaíochta. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear dá leanas in Airteagal 3(1) go (3a) den Chreat-Treoir:

'1. Cinnteoidh na Ballstáit gurb é údaráis inniúil a dhéanfadh gach ceann de na cúraimí a chuirtear ar [ÚNRanna] sa Treoir seo agus sna Treoracha sonracha.

2. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas [ÚNRanna] trína dheimhniú gur leithleach go dlíthiúil agus neamhspleách go feidhmiúil iad ar gach eagraíocht a sholáthraíonn líonraí, trealamh nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Na Ballstáit a choimeádann úinéireacht nó ceannas ar ghnóthais a sholáthraíonn líonraí agus/nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí, áiritheoidh siad deighilt struchtúrach idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húinéireacht nó le ceannas.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh [ÚNRanna] a gcuid cumhachtaí go neamhchlaonta follasach tráthúil. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní airgeadais agus daonna leormhaithe [ag ÚNRanna] chun na cúraimí a chuirtear orthu h a chur i gcrích.

3a. Gan dochar do mhíreanna 4 agus 5, gníomhóidh [ÚNRanna] atá freagrach as rialáil margaidh *ex ante* nó as réiteach díospóidí idir gnóthais [...] go neamhspleách go hiomlán agus ní iarrfaidh siad ar aon treoir ó aon chomhlacht eile, ná ní ghlacfaidh siad leo, ó thaobh dhéanamh na

gcúraimí arna gcur orthu de réir an dlí náisiúnta lena dtrasuítear dlí an Chomhphobail. Ní chuirfear cosc leis sin ar mhaoirseacht i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta. Is ag comhlachtaí achomhairc arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4 a bheidh an chumhacht cinntí ó [ÚNRanna] a fhionraí nó a aisiompú, agus ag na comhlachtaí sin amháin.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 4(1) den Treoir sin:

'Cinnteoidh na Ballstáit gurb indéanta trí shásraí éifeachtacha náisiúnta achomharc le comhlacht neamhspleách na bpáirtithe leasmhara ag aon úsáideoir nó aon ghnóthas a sholáthraíonn líonraí agus/nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus a bhaineann cinneadh arna dhéanamh ag [ÚNR] leo. Beidh an saineolas iomchuí ag an gcomhlacht sin, a bhféadfaidh cúirt a bheith i gceist leis, chun a chur ar a chumas a fheidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tuillteanais an cháis i gcuntas go hiomchuí agus go mbeidh sásra éifeachtach achomhairc ann.

Go dtí go mbeidh toradh ar na himeachtaí, seasfaidh an cinneadh ó [ÚNR], ach amháin má cheadaítear bearta idirthréimhseacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 8(1) go (4) den Treoir sin:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus na cúraimí rialála a shonraítear sa Treoir seo agus sna Treoracha Sonracha á gcur i gcrích acu, go ndéanfaidh [ÚNRanna] gach beart réasúnta atá dírithe ar na cuspóirí a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4 a bhaint amach. Beidh bearta den sórt sin i gcomhréir leis na cuspóirí sin. [...]

[...]

2. Cothóidh na [ÚNRanna] iomaíocht agus líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus acmhainní agus seirbhísí lena mbaineann á soláthar [...]

3. Cuirfidh na [ÚNRanna] le forbairt an mhargaidh inmheánaigh [...]

4. Cuideoidh na [ÚNRanna] le leasanna shaoránaigh an Aontais Eorpaigh [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 9(1) den Treoir chéanna:

'Ag féachaint mar is cuí dó gur leis an bpobal radaimhinicíochtaí agus go bhfuil tábhacht shóisialta chúltúrtha eacnamaíochta leo, cinnteoidh na Ballstáit go mbainisteofaí go héifeachtach radaimhinicíochtaí le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí ina gcríoch i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 8a. Cinnteoidh siad gur bhun critéir oibiachtúla fhollasacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha le leagan amach an speictrim chun críocha seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le deonú údaruithe ginearálta nó cearta ar leith ar a leithéid de radaimhinicíochtaí a úsáid ag na húdaráis náisiúnta inniúla.

Agus an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm, comhlíonfaidh na Ballstáit na comhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme, ina n-áirítear na rialacháin de chuid [an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU)] maidir leis an radachumarsáid, agus d'fhéadfaidís cúrsaí leasa phoiblí a chur san áireamh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Treoir 'na hIomaíochta'*

14 Bunaítear le hAirteagal 2 de Threoir 'na hIomaíochta' na rialacha maidir le cearta eisiacha speisialta ó thaobh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

15 Foráiltear dá leanas in Airteagal 4 den Treoir sin, dar teideal 'Cearta úsáide minicíochtaí':

'Gan dochar do na critéir agus do na nósanna imeachta sonracha arna nglacadh ag na Ballstáit chun cearta úsáide maidir le radaimhinicíochtaí a dheonú do sholáthraithe ábhair raidió nó craolta teilifíse d'fhonn cuspóirí leasa ghinearálta a shaothrú i gcomhréir le dlí an Chomhphobail:

1) Ní dheonóidh na Ballstáit cearta eisiacha nó speisialta úsáide radaimhinicíochtaí ar mhaithe le seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar.

2) caithfidh gur bun critéar oibiachtúil follasach neamh-idirdhealaitheach chomhréireach le deonú na radaimhinicíochtaí le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Cinneadh 2017/899*

16 Is sna focail a leanas atá aithrisí 8, 9, 11, 15 agus 20 de Threoir 2017/899:

'(8) Le haghaidh Réigiún 1, ina bhfuil an tAontas [Eorpach], foráiltear leis na rialacháin de chuid [an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU)], arna nglacadh in 2015 ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Radachumarsáide, do bhanda minicíochtaí 700 MHz a dheonú do lucht seirbhísí craoltóireachta agus do lucht seirbhísí soghluaiste (seachas seirbhís soghluaiste aerloingseoireachta) de réir comhthosaíochta. Leanfar de bhanda minicíochtaí 470-694 MHz [...] a dheonú do lucht seirbhísí craoltóireachta amháin de réir tosaíochta agus d'aipeanna [déanta cláir agus ócáidí speisialta (PMSE)] fuaime gan sreang go tánaisteach.

(9) Bíonn acmhainn líonraí leathanbhanda gan sreang le hardú mar gheall ar an méadú gasta ar thrácht leathanbhanda gan sreang agus ar an tábhacht eacnamaíochta tionsclaíochta agus shóisialta, atá ag dul i méid, leis an ríomhgheilleagar. Bíonn teacht ar acmhainn sa bhreis agus clúdach uilíoch araon de réir an speictrim i mbanda minicíochta 700 MHz, go háirithe i gceantair thuaithe, sléibhtiúla agus oileáin agus i gceantair iargúlta eile inar fadhb í an earraíocht, mar a shocraítear roimh ré i gcomhréir leis na ceantair a bhfuil tosaíocht acu go náisiúnta, ina n-áirítear ar mhórbhealaí iompair talún agus le haghaidh úsáid taobh istigh agus le haghaidh fadchumarsáid idir meaisíní. Sa chomhthéacs sin, ba cheart bearta comhsheasmhacha agus comhordaithe a dhéanamh ar mhaithe le cumhdach ardchaighdeáin leathanbhanda trastíre ar fud an Aontais, agus na cleachtais náisiúnta is fearr a fhorbairt maidir le hoibleagáidí ceadúnais oibreoirí, agus é mar aidhm cuspóir [...] a

bhaint amach, is é sin, go mbeadh rochtain ag gach saoránach an Aontais, taobh istigh agus taobh amuigh araon, ar na luais leathanbhanda is tapúla, nach lú ná 30 [meigibheart in aghaidh an tsoicind (Mbps)] iad, faoin mbliain 2020, agus ba cheart go mbeadh mar aidhm leis na bearta sin fís uaillmhianach a bhaint amach maidir le sochaí ghigighiotáin a bheith san Aontas. Le bearta den sórt sin déanfar seirbhísí nuálacha digiteacha a chur chun cinn agus sochair shocheacnamaíocha fhadtéarmacha a áirithiú.

[...]

(11) [...] Mar sin, caithfidh gur fad-intuartha le lucht earnálacha [na teilifíse digití trastíre (DTT)] agus PMSE, ó thaobh reachtach de, fáil a bheith nó gan bheith ar chuid mhór den speictream ar mhaithe le buan-inchinnteacht soláthartha agus forbartha a sheirbhísí, go háirithe teilifís saor in aisce, fad a sholáthraíonn siad creat iomchuí d'infheisteoirí sa chaoi go mbainfí amach cuspóirí an bheartais closamhairc ar leibhéal an Aontas agus go náisiúnta, ar nós an chomhtháthaithe shóisialta, iolrachas na meán agus na hilchineálachta cultúrtha. [...]

[...]

(15) An t-údarú le banda minicíochta 700 MHz a úsáid le haghaidh na gcóras trastíre ar dá réir arb insoláthartha leo seirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda gan sreang, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann an t-údarú sin a chur siar go ceann 2 bhliain ar a mhéad, mar atá níos faide ná an comh-spriocdháta ar fud an Aontais arna shocrú mar 2020, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe. Ní féidir gur cúis lena leithéid de chur siar ach fadhbanna neamhréitithe comhair trasteorann ar dá réir a dhéantar trasnaíocht dhíobhálach, an gá le déanamh go bhfuil ard-caighdeáin chraoltóireachta ag cuid mhór den phobal agus castacht an bhirt sin, costais airgeadais an aistrithe is mó iad ná an t-ioncam a bhfuiltear ag súil lena shaothrú as na sraitheanna imeachtaí maidir le leagan amach agus foiche Dé. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh le baint den trasnaíocht dhíobhálach a dhéantar trí na fadhbanna sin sna Ballstáit lena mbaineann. [...]

[...]

(20) Ba cheart do na Ballstáit treochláir náisiúnta chomhleanúnacha a chur le chéile le húsáid bhanda minicíochta 700 MHz a éascú trí sheirbhísí cumarsáide leictreonaí trastíre leathanbhanda gan sreang agus fad seirbhísí craoltóireachta teilifíse trína mbíonn teacht ar an mbanda a chinntiú. I ndiaidh dóibh a chur le chéile, ba cheart do na Ballstáit na treochláir sin a chur ar fáil go follasach san Aontas. Ní mór plé sna treochláir le gníomhaíochtaí agus sceidil athdháilte minicíochtaí, le cora teicniúla a bhíonn sa scéal ó thaobh líonra agus threalamh an úsáideora dheiridh de, le córais um údarú atá i bhfeidhm agus atá nua, le sásraí le trasnaíocht dhíobhálach d'úsáideoirí an speictrim i mbandaí cóngaracha a sheachaint agus le hinfhaighteacht cúitimh sna costais aistrithe, i gcás inarb iomchuí, ionas go seachnófaí, i measc eile, costas ar úsáideoirí deiridh nó do chraoltóirí. Má tá rún ag na Ballstáit DTT a choimeád, ní mór dóibh plé ina dtreochláir náisiúnta d'in-uasghrádaitheacht trealaimh craoltóireachta ar mhaithe lena chur lena héifeachtaí de theicneolaíochtaí úsáide an speictrim, ar nós caighdeáin níos airde físchódaithe (HEVC mar shampla) nó teicneolaíochtaí seachadta comhartha (DVB-T2 mar shampla).'

17 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(1) den Chinneadh sin:

Faoin 30 Meitheamh 2020 ar a dhéanaí, ceadóidh na Ballstáit úsáid [bhanda minicíochtaí MHz] trí chórais trastíre arb insoláthartha leo seirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda gan sreang [...]

Is ceadmhach fós ag na Ballstáit údarú ar bhanda minicíochta 700 MHz a úsáid a chur siar go ceann dhá bhliain ar foras amháin ar chúis cuí-réasúnaithe nó ar roinnt cúiseanna cuí-réasúnaithe mar a shonraítear san Iarscríbhinn leis an gCinneadh seo. [...] Más gá, cuirfidh na Ballstáit an nós imeachta um údarú i bhfeidhm nó athrú ar na cearta ábhartha ar úsáid an speictrim atá ann i gcomhréir le [Treoir 'maidir le hÚdarú'], ionas gur féidir an t-údarú sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Treoir 2018/1972*

18 Is sna focail a leanas atá Airteagal 124(1) de Threoir 2018/1972:

'Na forálacha reachtacha, rialacháin agus riaracháin a bheidh riachtanach le déanamh de réir na Treorach seo, glacfaidh agus foilsóidh na Ballstáit iad faoin 21 Nollaig 2020 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún [Eorpach].

Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón 21 Nollaig 2020 ar aghaidh.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

***Dlí na hIodáile***

19 Foráiltear dá leanas in Airteagal 1(1031) de legge n. 205 – Bilancio di previsione dello Stato per l'anno finanziario 2018 e bilancio pluriennale per il triennio 2018-2020 (Dlí Uimh. 205, maidir le tuarbhuiséad an Stáit le haghaidh bhliain airgeadais 2018 agus le buiséad ilbhliantúil thréimhse thríbhliantúil 2018-2020), an 27 Nollaig 2017 (GURI Uimh. 302, an 29 Nollaig 2017), arna leasú trí legge n. 145 – Bilancio di previsione dello Stato per l'anno finanziario 2019 e bilancio pluriennale per il triennio 2019-2021 (Dlí Uimh. 145, maidir le tuarbhuiséad an Stáit le haghaidh bhliain airgeadais 2019 agus le buiséad ilbhliantúil thréimhse thríbhliantúil 2019-2021), an 30 Nollaig 2018 (GURI Uimh. 302, an 31 Nollaig 2018) ('Dlí Uimh. 205/2017'):

'I gcomhréir le cuspóirí an bheartais Eorpaigh agus náisiúnta closamhairc agus comhtháthaithe shóisialta, iolrachas na meán agus na hilchineálachta cultúrtha, agus ar mhaithe leis an speictream a bhainistiú mar atá éifeachtach agus is féidir trí na teicneolaíochtaí is airde a úsáid, is de réir an sceidil dá dtagraítear i mír 1032 a scaoilfear na minicíochtaí arna ndeonú go náisiúnta agus go háitiúil do sheirbhís [DTT] agus arna ndeonú i mbanda III VHF agus 470-694 MHz. Chun na críocha céanna dá dtagraítear sa chéad abairt, tiontófar de na cearta ar úsáid na minicíochtaí a bheidh teacht orthu ar dháta tagtha i bhfeidhm an dlí seo ag oibreoirí líonraí náisiúnta i gcearta úsáide na hacmhainne tarchuradóireachta sna hilphléacsanna nua-dheartha náisiúnta i dteicneolaíocht DVB-T2, de réir na gcritéar arna sonrú ag [AGCOM] an 31 Márta 2019 ar a dhéanaí, chun críocha cearta ar úsáid na minicíochtaí a dheonú. An 31 Márta 2019, bunóidh [AGCOM] na critéir maidir le deonú na gceart ar úsáid na minicíochtaí dá dtagraítear i gcomhréir le mír 1030 le haghaidh sheirbhís [DTT] go náisiúnta

d'oibreoirí líonraí náisiúnta [i mbanda 470-694 MHz UHF], i bhfianaise an riachtanais atá le rialú aon chostais tiontaithe agus cur chun feidhme líonraí, le giortú na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1032 agus leis na costais agus an tionchar ar úsáideoirí deiridh a íoslaghdú. An 30 Meitheamh 2019 ar a dhéanaí, eiseofar ag aireacht na forbartha eacnamaíche na cearta ar úsáid na minicíochtaí dá dtagraítear sa tríú mír d'oibreoirí na líonraí náisiúnta de bhun na gcritéar arna sonrú ag [AGCOM] de réir bhrí na habairte sin. […]'

20 Foráiltear dá leanas in Airteagal 1(1031a) de Dhlí 205/2017:

'Deonófar an acmhainn breise tarchuradóireachta ar fáil go náisiúnta agus na minicíochtaí trastíre, chomh maith leis na minicíochtaí trína bhféachtar leis na cearta úsáide a thiontú dá dtagraítear i mír 1031 agus dá dtagraíonn [AGCOM] sa [phlean náisiúnta um dheonú minicíochtaí], a chuirtear i leataobh do sheirbhís [DTT] le haghaidh oibreoirí líonraí náisiúnta agus lamháltóir na seirbhíse poiblí raidió, teilifíse agus ilmheán trí nós imeachta le haghaidh sraitheanna imeachtaí lena mbaineann íocaíocht gan tairiscint iomaíochta, arna thionscnamh an 30 Samhain 2019 ag Aireacht na forbartha eacnamaíche, de réir na nósanna imeachta arna mbunú an 30 Meán Fómhair 2019 ag [AGCOM], de réir na bprionsabal agus critéar a leanas:

(a) deonófar an acmhainn tarchuradóireachta agus na minicíochtaí de bhun bearta atá ar cóimhéid le leathchuid d'ilphléacs;

(b) socrófar íosluach tairiscintí de bhun luachanna margaidh arna mbunú ag [AGCOM];

(c) cuirfear san áireamh luach na dtairiscintí arna gcur chun tosaigh;

(d) cinnteofar fad leis an tseirbhís, luas an aistrithe theicneolaíoch agus caighdeán an bhonneagair teicneolaíochta arna gcur ar fáil ag úsáideoirí na líonraí náisiúnta san earnáil, ina n-áirítear lamháltóir na seirbhíse poiblí raidió, teilifíse agus ilmheán;

(e) bainfear earraíocht as an taithí arna fáil ag oibreoirí an líonra náisiúnta san earnáil ó thaobh, go háirithe, cur chun feidhme líonraí craoltóireachta digití;

(f) bainfear earraíocht as an acmhainn struchtúir ar éifeachtacht an speictrim a chinntiú, as na scileanna agus cumais arna bhfáil san earnáil, as an nuálaíocht theicneolaíoch agus as oibriú barrmhaith éifeachtach fánach a bhaint as an acmhainn tarchuradóireachta agus na minicíochtaí breise;

(g) cinnteofar go mbainfí an earraíocht is fearr as an speictream, ag féachaint don chaoi a bhíonn ábhar ard-chaighdeáin teicneolaíochta [DTT] á chraoladh don chuid is mó agus is féidir do phobal na hIodáile. […]'

21 Foráiltear dá leanas in Airteagal 1(1037) de Dhlí Uimh. 205/2017:

'Díospóidí a bhaineann le deonú cearta úsáide minicíochtaí, glaonna ar iarratais agus na nósanna imeachta eile dá dtagraítear i míreanna 1026 go 1036, go háirithe, na nósanna imeachta um scaoileadh minicíochtaí le haghaidh sheirbhís [DTT], tiocfaidh siad faoi dhlínse eisiach na cúirte riaracháin […] De réir an ardleasa náisiúnta a bhaineann le minicíochtaí a scaoileadh agus a thabhairt go tapaigh, ní hé a bheidh i gceist le neamhniú na ngníomhartha agus na mbeart arna nglacadh i gcomhthéacs na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1026 go 1036 ná déanamh gurb amhlaidh an scéal mar a bhí nó cúiteamh comhchineáil agus ní dhéanfar ach ina comhionann

d’fhoirm aon chúiteamh sna damáistí arna ndlí, i gcás inarb iomchuí. Ní bhainfidh na bearta cosanta ach le réamhíocaíocht a dhéanamh.’

### Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

22 Is oibreoirí líonraí DTT Cairo Network agus Europa Way a bhí cearta úsáide ilphléacs teicneolaíochta DVB-T ag ceachtar acu. Is oibreoir líonraí DTT Persidera a bhí cearta úsáide chúig ilphléacs teicneolaíochta DVB-T aige.

23 Mheas reachtóir na hIodáile go raibh sé de dhíth ar athchumrú bhanda minicíochta 700 MHz líon áirithe minicíochtaí a scaoileadh ar mhaithe le lonnú theileafónaíocht an chúigiú glúin (‘5G’). Dá bhrí sin, thug na reachtóir sin cead do AGCOM cinntí a ghlacadh trína bhféachtar (a) le cearta ar acmhainní tarchuradóireachta in ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T a dhéanamh de na cearta a bhí ann cheana féin ar ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2 a úsáid agus (b) le cearta úsáide na hacmhainne tarchuradóireachta breise arna saoradh ag an aistriú idir teicneolaíochtaí DVB-T agus DVB-T 2 a dheonú trí imeachtaí lena mbaineann íocaíocht.

24 Chuige sin, ghlac AGCOM sraith cinntí.

25 Go háirithe, trí Chinneadh 39/19/CONS, bhunaigh sé plean nua náisiúnta um dheonú minicíochtaí lena mbaineann DTT. Tagraíodh leis an gcinneadh sin, go háirithe, do líon iomlán 12 ilphléacs náisiúnta teicneolaíochta DVB-T 2 agus do pharaiméadair athchumraithe ar dá réir a bunaíodh an prionsabal um 10 n-ilphléacs náisiúnta theicneolaíocht DVB-T 2 a chur in ionad 20 ilphléacs náisiúnta theicneolaíocht DVB-T.

26 Trí chinneadh 129/19/CONS, bhunaigh AGCOM na critéir maidir le cearta úsáide acmhainní tarchuradóireachta in ilphléacsanna DVB-T a dhéanamh de chearta úsáide ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T agus maidir le cearta úsáide acmhainn tarchuradóireachta breise a dheonú go náisiúnta.

27 Trí Chinneadh 562/20/CONS, bhunaigh AGCOM an chaoi ina ndéantar na himeachtaí um dheonú cearta úsáide na hacmhainne breise tarchuradóireachta lena mbaineann íocaíocht. Trí Chinneadh 564/20/CONS, thionscain sé na himeachtaí sin.

28 De réir na gcritéar maidir le tiontú arna mbunú ag AGCOM, deonaíodh do Persidera na cearta ar acmhainní tarchuradóireachta a úsáid in 2.5 ilphléacs theicneolaíocht DVB-T 2, fad a bhí ag Cairo Network agus Europa Way araon cearta ar acmhainní tarchuradóireachta theicneolaíocht DVB-T 2 a úsáid in 0.5 ilphléacs theicneolaíocht DVB-T 2. Ag deireadh na n-imeachtaí um dheonú lena mbaineann íocaíocht, fuair Cairo Network agus Persidera araon cearta breise ar acmhainní tarchuradóireachta a úsáid in 0.5 ilphléacs theicneolaíocht DVB-T 2.

29 Thionscain Cairo Network, Europa Way agus Persidera caingne le haghaidh neamhniú roinnt gníomhartha arna nglacadh sna himeachtaí athchumraithe bhanda minicíochtaí 700 MHz, ina n-áirítear Cinntí 39/19/CONS agus 129/19 CONS ó AGCOM.

30 Diúltaíodh do na caingne sin trí bhreithiúnais ó Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Réigiúnach Riaracháin Lazio, an Iodáil).

31 Rinne Cairo Network, Europa Way agus Persidera achomharc i gcoinne na mbreithiúnas sin os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur. Ar thaobh a n-achomharc, d'áitigh na cuideachtaí sin go háirithe nár urramaigh reachtóir na hIodáile neamhspleáchas AGCOM, gur sáraíodh na cearta ar ilphléacs theicneolaíocht DVB-T a úsáid agus gur seoladh go mícheart an nós imeachta um athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, ós rud é nár cuireadh san áireamh gur fuair oibreoirí áirithe tosaíocht i margadh DTT roimh ré go neamhdhleathach.

32 Agus é den tuairim go raibh roinnt deacrachtaí roimhe ó thaobh dlí an Aontais a léiriú, is ábhar éiginnteachta ag an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit), ar an gcéad dul síos, i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 éifeachtacht na cosanta dlí ar fáil do Cairo Network agus do Europa Way. Go deimhin, is ábhar amhrais aige go gcosnófaí go dtabharfaí leorchosaint do shealbhóirí cearta úsáide minicíochtaí theicneolaíocht DVB-T agus go gcoimirceofaí an leas ginearálta trína dhéanamh nach féidir a dhéanamh gurb amhlaidh an scéal mar a bhí roimhe.

33 Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt sin ceist an ndearna reachtóir na hIodáile laghdú iomarcach ar chorrlach lánroghnach AGCOM, ar dá réir a dhéantar dochar dá neamhspleáchas. I dtaca leis sin, tugann sí faoi deara gur imríodh tionchar suntasach trí fhorálacha reachtaíocht na hIodáile ar na cinntí arna nglacadh ag AGCOM sa phróiseas um athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz. Mar sin, shocraigh AGCOM comhéifeacht tiontaithe chearta úsáide na minicíochtaí raidió, ar mhaithe go háirithe le hinseoltacht imeachtaí arna n-ordú ag an reachtóir sin lena mbaineann íocaíocht. Thairis sin, chuir an reachtóir sin critéir agus prionsabail leis na himeachtaí sin a shocraigh sé féin, go háirithe trí sheanoibreoirí a bhí formhór an mhargaidh acu a údarú le páirt a ghlacadh sna himeachtaí.

34 Ar an tríú dul síos, measann an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) gur cuireadh faoi bhuntáiste oibreoirí a bhfuil ceart acu ar ilphléacs theicneolaíocht DVB-T amháin a úsáid mar gheall ar chineál páirteach thiontú na gceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin, trí thabhairt orthu na himeachtaí deonaithe ceart úsáide lena mbaineann íocaíocht a úsáid nó comhaontuithe a dhéanamh eatarthu le bheith in ann a gcomhionann d'acmhainní tarchuradóireachta a fháil agus a bhí acu sular tiontaíodh a gceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin.

35 Ar an gceathrú dul síos, is ábhar éiginnteachta ag an gcúirt sin ar chuir údaráis na hIodáile san áireamh go leordhóthanach, i bhfianaise dhlí an Aontais, cásanna faoi seach na n-oibreoirí i gceist i bhfianaise na gcor a bhí sa scéal go stairiúil in earnáil closamhairc na hIodáile.

36 Go deimhin, líomhnaítear go ndearnadh roinnt bearta neamhdhleathacha agus an earnáil sin á bainistiú, mar a thug an Chúirt rialú ina leith i mbreithiúnais an 31 Eanáir 2008, *Centro Europa 7* (C-380/05, EU:C:2008:59), agus an 26 Iúil 2017, *Persidera* (C-112/16, EU:C:2017:597). Ag féachaint do na bearta éagsúla arna nglacadh cheana féin le réiteach a thabhairt ar na bearta neamhdhleathacha sin, mheas AGCOM gur mhíchuí glacadh, le linn an phróisis um athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, agus go mbeadh níos mó éifeachtaí aige ná athchothromú an mhargaidh a rinneadh gur riachtanach é leis na bearta neamhdhleathacha sin a réiteach. Ba leordhóthanach leis mar sin a fhoráil do rialacha neamhshiméadracha trína bhféachtar leis an ilchineálacht agus an iomaíocht a spreagadh in imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht. Is ábhar amhrais ag an gcúirt a rinne an tarchur, áfach, comhréireacht na rogha sin ag AGCOM le dlí an Aontais.

37 Ar an gcúigiú dul síos agus faoi dheireadh, i gCás C-764/23, d'aithin an chúirt sin an méid ag a bhfuil ionchas dlisteanach is fiú a chosaint inbhunaithe leis ó thaobh Cairo Network de. Cuireann sí i dtreis go bhfuair an chuideachta sin a cearta úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin in imeachtaí lena mbaineann íocaíocht inar sonraíodh sa ghlao ar iarratais gur féachadh tríothu le cearta úsáide radaimhinicíochtaí a dheonú le haghaidh chórais DVB, is é sin caighdeán DVB-T, mar aon le cora a bhí sa scéal roimhe sin ó thaobh teicneolaíochta de, go bhfaigheadh an tairgeoir buaiteach minicíocht a bheidh a gcomhionann de chlúdach agus d'fhad aici ar scaoileadh na minicíochtaí ar mhaithe lena ndeonú d'oibreoirí teileachumarsáide agus go ndeonófaí an mhinicíocht ar feadh 20 bliain.

38 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, i gCás C-764/23, le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gá dlí an Aontais agus, go háirithe, Airteagal 6 agus an dara cuid d'Airteagal 19(1), CAE, a léiriú i bhfianaise Airteagal 47 den [Chairt], Airteagal 4(1)(1) de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Creat-Treoir) agus Airteagal 31 de Threoir [2018/1972], a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht atá faoi cheist i ndlí na hIodáile (Airteagal 1(1037) de Legge n. 205/2017 (Dhlí Uimh. 205/2017), lena gcuirtear teorainn, i gcás atá ábhartha don Chomhphobal, le héifeachtaí caingne le haghaidh neamhniú, lena gcoisctear aischur nó forghníomhú i bhfoirm shonrach, agus lena ndéantar cosaint eatramhach a theorannú go beart sealadach a íoc, rud a bhaineann an bonn de chosaint bhreithiúnach éifeachtach?

2) An gá dlí an Aontais agus, go háirithe, Airteagail 3(3) agus (3a) agus Airteagail 8 agus 9 [den Chreat-Treoir], arna leasú le Treoir 2009/140/CE, agus Airteagail 5, 6, 8, 9 agus 45 de Threoir [2018/1972], a léiriú mar chosc ar chóras amhail an córas a tugadh isteach i bPoblacht na hIodáile le hAirteagal 1(1031a) de [Dlí Uimh. 205/2017], lena gceiltear a fheidhmeanna rialála ar an údarás riaracháin neamhspleách nó, in aon chás, lena gcuirtear teorainn shuntasach leis trí leithdháileadh acmhainneachta breise atá le haistriú a bhunú trí bhíthin nós imeachta [lena mbaineann íocaíocht] le dámhachtain na tairisceana eacnamaíche is airde agus le rannpháirtíocht an tsealbhóra reatha?

3) An gá dlí an Aontais agus, go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 9 [den Chreat-Treoir], Airteagail 3, 5, 7 agus 14 [den Treoir maidir le hÚdarú], Airteagail 2 agus 4 de [Threoir 'na hIomaíochta'], aithrisí 11 agus 20 de Chinneadh [2017/899] agus prionsabail na cothroime, an neamh-idirdhealaithe, cosaint na hiomaíochta agus ionchais dhlisteanacha a léiriú mar chosc ar chóras amhail an córas a tugadh isteach leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha (Airteagail 1(1030), (1031), (1031a), (1031b), (1032) de Legge n. 205/2017 (Dlí Uimh. 205/2017), agus le cinntí A.G.Com Uimh. 39/19/CONS, Uimh. 128/19/CONS agus Uimh. 564/20/CONS [ó AGCOM] agus na forálacha gaolmhara lena ndeonaítear cearta úsáide do sheirbhísí teilifíse digití, nach bhfuil tiontú coibhéiseach ann chun críocha 'cearta úsáide maidir le minicíochtaí' a thiontú ina 'cearta úsáide don acmhainneacht tarchurtha' ach lena forchoimeádtear cuid den acmhainn i leith nós imeachta [lena mbaineann íocaíocht], lena bhforchuirtear costais bhreise ar an oibreoir chun a áirithiú go gcaomhnófar na sainchumais a fuarthas go dlisteanach le himeacht ama?

4) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, agus go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 9 [den Chreat-Treoir], Airteagail 3, 5, 7 agus 14 [den Treoir maidir le hÚdarú], Airteagail 2 agus 4 de [Threoir na hIomaíochta], le haithrisí 11 agus 20 de Chinneadh [2017/899], le prionsabail na cothroime, an neamh-idirdhealaithe, cosaint na hiomaíochta agus ionchais dhlisteanacha, chomh maith le prionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta, ar [chóras] amhail an córas a tugadh isteach leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha (Airteagal 1(1030), (1031), (1031a), (1031b) agus (1032) de Dhlí Uimh. 205/2017), agus le cinntí ó Chúirt Riaracháin Réigiúnach na hIodáile Uimh. 39/19/CONS, Uimh. 128/19/CONS, Uimh. 564/20/CONS agus na forálacha gaolmhara lena ndeonaítear cearta úsáide le haghaidh craoltóireacht teilifíse digití, nach ghlactar bearta struchtúracha leo chun staid an neamhionannais a bunaíodh roimhe seo a leigheas i bhfianaise na neamhrialtachtaí a bunaíodh roimhe sin leis an gcásdlí náisiúnta agus fornáisiúnta, agus nach dhéantar idirdhealú idir seasamh an oibreora a bhfuil minicíocht faighte aige tar éis nós imeachta iomaíoch lena ngabhann an ceart é a choinneáil nó an bhfuil na bearta neamhstruchtúracha arna nglacadh ag [AGCOM] i gcoinne na sealbhóirí reatha a raibh na líonraí farasbairr mar a thugtar orthu ar dtús iomchuí agus comhréireach?

5) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, agus go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 9 [den Creat-Treoir], Airteagail 3, 5, 7 agus 14 [den Treoir maidir le hÚdarú], Airteagail 2 agus 4 de [Threoir 'na hIomaíochta'], le haithrisí 11 agus 20 de Chinneadh [2017/899], le prionsabail na cothroime, an neamh-idirdhealaithe, cosaint na hiomaíochta agus ionchais dhlisteanacha, chomh maith le prionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta, ar [chóras] amhail an córas a tugadh isteach leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha (Airteagal 1(1030), (1031), (1031a), (1031b) agus (1032) de Dhlí Uimh. 205/2017), agus le cinntí ó Chúirt Riaracháin Réigiúnach na hIodáile Uimh. 39/19/CONS, Uimh. 128/19/CONS, Uimh. 564/20/CONS agus na forálacha gaolmhara lena ndeonaítear cearta úsáide le haghaidh craoltóireacht teilifíse digití, nach gcuirtear san áireamh leo ionchais dhlisteanacha oibreora a ghnóthaigh an ceart chun minicíocht a úsáid tar éis nós imeachta iomaíoch [lena mbaineann íocaíocht] ina ndearnadh foráil go sainráite don cheart chun clúdach comhchosúil agus ar feadh ré coibhéiseach don cheart úsáide?'

39 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus ceithre cheist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú i gCás C-765/23 ar cosúil iad leis na ceisteanna arna gcur i gCás C-764/23.

40 Sna himthosca céanna, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus dhá cheist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, i gCás C-766/23, le haghaidh réamhrialú, ar cosúil iad leis an dara agus an tríú ceist arna gcur i gCás C-764/23, mar aon leis an tríú ceist seo a leanas le haghaidh réamhrialú:

'Maidir le dlí an Aontais, agus go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 9 [den Chreat-Treoir], Airteagail 3, 5, 7 agus 14 [den Treoir maidir le hÚdarú], Airteagail 2 agus 4 de [Threoir na hIomaíochta], le haithrisí 11 agus 20 de Chinneadh AE 2017/899, le prionsabail na cothroime, an neamh-idirdhealaithe, cosaint na hiomaíochta agus ionchais dhlisteanacha, chomh maith le prionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta, ar [córas] amhail an córas a tugadh isteach i bPoblacht na hIodáile le hAirteagal 1(1101) go (1108) de [Dhlí Uimh. 145/18], Airteagal 1(1030), (1031), (1031a), (1031c), (1032), (1033), (1034) agus (1037) de Legge di Bilancio 205/2017, (Dlí Buiséid 205/2017), le Cinneadh 39/19/CONS (PNAF), Cinneadh 128/19/CONS agus Cinneadh 129/19/CONS ó AGCOM agus leis na forálacha gaolmhara lena ndeonaítear cearta úsáide minicíochta do sheirbhísí teilifíse digití, nach ghlactar bearta struchtúracha leo [agus –] agus fiú i

gcás bearta cúiteacha neamhstruchtúracha agus/nó athchothromaithe – chun staid na héagothroime a bunaíodh roimhe seo a leigheas, déantar foráil maidir le nós imeachta a bhfuil ualach ag baint leis lena bhforchuirtear costais agus muirir bhreise ar an oibreoir agus cibé acu dlí [an Aontais] sin, ag féachaint go háirithe do phrionsabail na comhréireachta agus na leordhóthanachta, chomh maith leis na prionsabail a leagtar síos i mbreithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera* (C-112/16, EU:C:2017:597) an gcuirtear cosc leo ar chóras amhail an córas dá dtagraítear, freisin mar gheall ar éabhlóid fhoriomlán na 'n-aimhrialtachtaí', na 'saincheisteanna criticiúla' agus 'neamhrialtachtaí' an chórais sin, mar a shainaithnítear sa chásdlí náisiúnta agus fornáisiúnta dá dtagraítear san ord seo, nó an leor na bearta neamhstruchtúracha arna nglacadh ag an Údarás chun an córas a athchothromú?'

41 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 27 Feabhra 2024, rinneadh Cásanna C-764/23 go C-766/23 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

## Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

### *Dlínse na Cúirte Breithiúnais*

42 Áitíonn Radiotelevisione italiana SpA (RAI) nach bhfuil dlínse ag an gCúirt freagra a thabhairt ar an gcéad cheist agus ar an gceathrú ceist i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus ar an tríú ceist i gCás C-766/23, ós rud é, trína ceisteanna, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt rialú a thabhairt ar chomhréireacht reachtaíocht na hIodáile i gceist sna príomhimeachtaí le dlí an Aontais agus ar dhleathacht na ngníomhartha arna nglacadh ag AGCOM.

43 I dtaca leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur bun leis an gcóras comhair arna bhunú in Airteagal 267 CFAE deighilt shoiléir na gcumhachtaí idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt. In imeachtaí arna dtionscnamh de bhun an Airteagail sin, is faoi chúirteanna na mBallstát, agus ní faoin gCúirt Bhreithiúnais, a bhíonn sé forálacha náisiúnta a léiriú agus ní bhíonn aon dlínse ag an gCúirt rialú a thabhairt ar chomhréireacht rialacha an dlí náisiúnta le dlí an Aontais. Os a choinne sin, bíonn dlínse ag an gCúirt an t-ábhar léirithe ar fad faoi dhlí an Aontais a sholáthar don chúirt náisiúnta lenarb inmheasúnaithe aici comhréireacht chaighdeáin an dlí inmheánaigh le reachtaíocht an Aontais (féach breithiúnais an 21 Márta 1985, *Celestri & C.*, 172/84, EU:C:1985:137, mír 12; an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, mír 30, agus an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 35).

44 Sna cásanna uamtha seo, trína ceisteanna, is amhlaidh go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur a leithéid d'ábhar léirithe a sholáthar, ionas go bhfuil dlínse aici freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin.

### *Inghlacthacht*

45 Cuireann RAI agus Mediaset SpA i gcoinne inghlacthacht iomlán nó cuid de na hiarrataí ar réamhrialuithe.

46 Ar an gcéad dul síos, áitíonn RAI agus Mediaset nach bhfuil sna horduithe tarchuir a bhfuil is gá le freagra a thabhairt ag an gCúirt ar na ceisteanna ar fad arna gcur uirthi. Le bheith níos cruinne faoi, measann RAI nach ndearna an chúirt a rinne an tarchur cur síos iomlán ar phróiseas

athchumraithe bhanda minicíochtaí 700 MHz. Ansin, cuireann Mediaset chun tosaigh nár thug an chúirt sin cúiseanna le hinfheidhmeacht na bhforálacha de dhlí an Aontais dá dtagraítear sna trí cheist i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus sa dara ceist i gCás C-766/23 maidir leis an gcás seo, ná cúiseanna le hamhras a chaitheamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hIodáile i gceist sna príomhimeachtaí leis na forálacha sin. Ansin, de réir Mediaset, níor thug an chúirt sin don Chúirt a bhfuil leordhóthanach le freagra a thabhairt ar an gcúigiú ceist i gCás C-764/23.

47 Ar an dara dul síos, measann RAI agus Mediaset nach gá, ar mhaithe le rialú a thabhairt ar na díospóidí sna príomhimeachtaí, freagra a thabhairt ar an tríú agus an ceathrú ceist i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus ar an dara agus tríú ceist i gCás C-766/23. Go deimhin, líomhnaítear gur leor na bearta arna nglacadh cheana féin ag údaráis na hIodáile le réiteach a thabhairt ar iarmhairtí na mbeart neamhdhleathach arna ndéanamh san am a caitheadh in earnáil closamhairc na hIodáile a luann an chúirt a rinne an tarchur. Thairis sin, tá earráidí agus neastacháin sa tuairisc ar na bearta neamhdhleathacha sin atá sna horduithe tarchuir. Thairis sin, baineann na ceisteanna sin, go páirteach, leis na himeachtaí deonaithe cearta úsáide acmhainní tarchuradóireachta, lena mbaineann íocaíocht, in ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T2, bíodh nár bhain na himeachtaí sin leis na príomhshraitheanna imeachtaí.

48 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur don chúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, atá sé a chinneadh an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá iallach ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt (féach breithiúnais an 21 Aibreán 1988, *Pardini*, 338/85, EU:C:1988:194, mír 8, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 61).

49 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (féach breithiúnais an 13 Iúil 2000, *Idéal tourisme*, C-36/99, EU:C:2000:405, mír 20, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 62).

50 Sa chomhthéacs sin, ar an gcéad dul síos, ní mór a chur i dtreis, ó thaobh na n-argóintí lena n-éilítear gur neamh-iomlán na horduithe tarchuir, de réir cásdlí comhsheasmhach na Cúirte, arna léiriú cheana féin in Airteagal 94(a) agus (b) dá Rialacha Nós Imeachta, go gceanglaítear leis an ngá atá le léirmhíniú a thabhairt ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta go sainmhíneoidh an chúirt sin comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici nó, ar a laghad, go míneoidh sí na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach, mar a luaitear in Airteagal 94(c) sin, go bhfuil ráiteas san iarraidh ar réamhrialú maidir leis na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh faoi léirmhíniú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais, agus an nasc a bhunaítear léi idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (féach breithiúnas an 26 Eanáir 1993, *Telemarsicabruzzo agus páirtithe eile*, C-320/90 go C-322/90, EU:C:1993:26, mír 6; ordú an 28 Meitheamh 2000,

*Laguillaumie*, C-116/00, EU:C:2000:350, mír 16, agus breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Bezirkshauptmannschaft Landeck (Ceadúnas rochtana ar shonraí pearsanta arna stóráil ar fhón póca)*, C-548/21, EU:C:2024:830, mír 48).

51 Sa chás seo, leagtar amach go sonrach sna horduithe tarchuir na fíorais agus an reachtaíocht a bhaineann leis na ceisteanna arna gcur mar aon leis an cúiseanna amhrais a bhí ag an gcúirt a rinne an tarchur faoi chomhréireacht reachtaíocht na hIodáile i gceist sna príomhimeachtaí le dlí an Aontais.

52 Tugtar le tuiscint ón méid sin go bhfuil na cinntí sin i gcomhréir leis na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 94 de na Rialacha Nós Imeachta agus go bhfuil a dhóthain iontu le freagra a thabhairt ag an gCúirt ar na ceisteanna sin.

53 Ar an dara dul síos, ní mór a lua gurb é is bun leis na hargóintí lena n-éilítear nach gá freagra a thabhairt ar chuid de na ceisteanna ar mhaithe le rialú a thabhairt ar na díospóidí sna príomhimeachtaí ná cur síos ar an gcás fíorasach i gceist sna príomhimeachtaí is éagsúil é leis an gcás ar ghlac an chúirt a rinne an tarchur leis. Mar sin, cuireann RAI agus Mediaset ina choinne gur cuireadh chun tosaigh sna horduithe tarchuir bearta neamhdhleathacha arna ndéanamh san am a caitheadh in earnáil closamhairc na hIodáile agus a n-iarmhairtí.

54 Sna himeachtaí sin, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais dá dtagraítear i mír 43, tagann aon mheasúnú ar fhíorais an cháis faoi dhlínse na cúirte náisiúnta, ar fúithi atá sé a chinneadh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú chun go mbeidh sí in ann breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte araon, cé nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCúirt ach rialú a thabhairt ar léiriú nó ar bhailíocht fhoráil an Aontais ar bhonn na bhfíoras a chuireann an chúirt náisiúnta faoina bráid (féach breithiúnais an 16 Márta 1978, *Oehlschläger*, 104/77, EU:C:1978:69, mír 4, agus an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19 PPU, EU:C:2021:311, mír 28).

55 Dá bhrí sin, ní féidir a chinneadh gur neamh-inghlactha cuid de na ceisteanna arna gcur de réir na n-argóintí de chuid RAI agus Mediaset a bhaineann lena measúnú féin ar na bearta neamhdhleathacha arna ndéanamh san am a caitheadh in earnáil closamhairc na hIodáile agus a n-iarmhairtí.

56 Ina theannta sin, ní féidir gur leor é le léiriú nach mór a dhearbhú gur neamh-inghlachta na ceisteanna arna gcur sa mhéid go mbaineann siad leis na himeachtaí seo toisc nach bhfuil baint dhíreach ag na caingne sna príomhimeachtaí le gníomhartha AGCOM lena rialaítear na himeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht.

57 Go deimhin, ní chuirtear faoi chonspóid go bhféachtar leis na ceisteanna sin lena bhfuil ábhartha do mheasúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na n-imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí a bhí ann roimhe seo a sholáthar don chúirt a rinne an tarchur. De réir na n-orduithe tarchuir, agus banda minicíochtaí 700 MHz san Iodáil á n-athchumrú, cuirtear na himeachtaí sin chun feidhme mar a bhíonn ar aonchéim leis na himeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht, rud a fhágann nach inchinnte gur follasach nach bhfuil ceangal leis na díospóidí sna príomhimeachtaí ag gnéithe na gceisteanna sin a bhaineann leis na himeachtaí sin.

58 Dá bhrí sin, ní mór freagra a thabhairt ar na ceisteanna ar fad arna gcur ar an gCúirt.

***Substaint***

59 Mar réamhphointe, ní mór a lua, i gcás ina mbaineann na ceisteanna arna gcur ar an gCúirt, *inter alia*, le léiriú ar Threoir 2018/1972, go gcuirfidh na Ballstáit na rialacha i bhfeidhm trína bhféachtar leis an Treoir sin a thrasuí ón 21 Nollaig 2020 ar aghaidh de réir Airteagal 124(1) den Treoir sin. Dá bhrí sin, ó tharla go mbaineann na ceisteanna sin le comhréireacht reachtaíocht na hIodáile ar glacadh roimh an dáta sin le dlí an Aontais, ní mór na ceisteanna sin a scrúdú de bhun ghníomhartha an Aontais a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin.

*Na chéad cheisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23*

60 Trína céad cheisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23, arb ionann iad, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 4(1) den Chreat-Treoir, arna léamh i bhfianaise Airteagail 6 agus 19 CAE agus Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, ar an gcéad dul síos trína ndéantar nach mbaineann, ar an gcéad dul síos, éifeachtaí na gcaingne arna dtionscnamh ag oibreoirí eacnamaíocha i gcoinne gníomhartha a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí, agus banda minicíochtaí 700 MHz á n-athchumrú, ach le deonú cúitimh airgeadais agus, ar an dara dul síos, raon feidhme na mbeart cosanta is in-ordaithe nuair a bhítear ag feitheamh ar scrúdú ar a leithéid de scrúdú ach le réamhíocaíocht a dhéanamh.

61 Bíodh is go ndéantar tagairt sna ceisteanna sin d'Airteagal 6 CAE, is tábhachtach a lua ar dtús gur foráil ghinearálta í nach bhfuil ábhartha chun críocha na hanailíse ar na ceisteanna sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)*, C-564/19, EU:C:2021:949, mír 98).

62 Ceanglaítear tríd an gcéad abairt d'Airteagal 4(1) den Chreat-Treoir ar na Ballstáit foráil do na sásraí éifeachtacha caingne trínar féidir le haon úsáideoir nó aon ghnóthas a sholáthraíonn líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus a bhaineann cinneadh arna dhéanamh ag ÚNR leis, caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair comhlacht neamhspleách a bhfuil inniúil go hiomchuí ar a fheidhmeanna a dhéanamh go héifeachtúil.

63 Foráiltear sa dara habairt d'Airteagal 4(1) den Treoir sin go seasfaidh an cinneadh ó ÚNR, go dtí go mbeidh toradh ar na himeachtaí, ach amháin má cheadaítear bearta idirthréimhseacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

64 De réir chásdlí na Cúirte, léirítear le hAirteagal 4 den Treoir sin prionsabal maidir le cosaint dlí éifeachtach a fháil, arna ráthú trí Airteagal 47 den Chairt agus dá dtagraítear in Airteagal 19(1) CAE, ar dá réir gur faoi na Ballstáit a bhíonn sé cosaint dlí na gceart a bhíonn ag daoine aonair de réir dhlí an Aontais a chinntiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Feabhra 2008, *Tele2 Telecommunication*, C-426/05, EU:C:2008:103, mír 30, agus an 13 Deireadh Fómhair 2016, *Prezes Urzędu Komunikacji Elektronicznej agus Petrotel*, C-231/15, EU:C:2016:769, mír 20).

65 Dá ainneoin sin, ní leagtar amach le hAirteagal 4 den Treoir sin na rialacha nós imeachta sonracha trína bhféachtar leis an oibleagáid a chur chun feidhme ar dá réir a cheanglaítear ar na Ballstáit foráil do na sásraí éifeachtacha caingne agus, go háirithe, ní shainítear ann na cumhachtaí nach mór a bheith ag cúirt náisiúnta a iarrtar uirthi rialú a thabhairt ar chaingean arna tionscnamh i gcoinne gníomh a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí.

66 I gcás nach bhfuil reachtaíocht an Aontais ann ina leith, is faoi na Ballstáit na cumhachtaí sin a shainiú de réir a neamhspleáchais nós imeachta, ar choinníoll, áfach, nach lú na cumhachtaí sin, i gcásanna faoi dhlí an Aontais, ná na cumhachtaí a bheadh ag cúirt a iarrtar uirthi rialú a thabhairt ar a gcomhchosúil de chásanna de réir an dlí inmheánaigh (prionsabal an chomhionannais) agus nach dofheidhmithe, nó ródheacair a fheidhmiú, i gcleachtas na gceart arna ndeonú le dlí an Aontais ag méid na gcumhachtaí sin (prionsabal na héifeachtachta) (féach, de réir analaí, an 13 Deireadh Fómhair 2016, *Prezes Urzędu Komunikacji Elektronicznej agus Petrotel*, C-231/15, EU:C:2016:769, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Ó thaobh phrionsabal an chomhionannais de, luaigh an chúirt a rinne an tarchur go mbíonn a malairt d'fheidhm ag an gcóras lena mbaineann na chéad ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 maidir le caingne faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais.

68 Maidir le prionsabal na héifeachtachta, ní mór a lua gur rialaigh an Chúirt, i míreanna 25 agus 31 de bhreithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2016, *Prezes Urzędu Komunikacji Elektronicznej agus Petrotel* (C-231/15, EU:C:2016:769), go mbíonn cinneadh ó ÚNR le bheith inneamhnithe go cúlghabhálach ag cúirt náisiúnta a bhfuil caingean faoina breith i gcoinne an chinnidh sin, i gcás ina rialaíonn sí gur gá cosaint dlí éifeachtach a chinntiú do chearta an ghnóthais a thionscain an chaingean sin.

69 Ní féidir a thabhairt le tuiscint uaidh sin, áfach, nach mór cúirt náisiúnta a bhfuil a leithéid de chaingean faoina breith le bheith in ann aon chinneadh ó ÚNR faoin gCreat-Treoir a chur ar neamhní de réir phrionsabal na héifeachtachta.

70 Go deimhin, ar dtús, níor féachadh tríd an gceist arna gcur sa chás ba chúis le breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2016, *Prezes Urzędu Komunikacji Elektronicznej agus Petrotel* (C-231/15, EU:C:2016:769), le cinneadh an gceanglaítear le hAirteagal 4(1) den Chreat-Treoir ar chúirt an bhfuil sé de chumhacht ag cúirt, a bhfuil caingean faoina breith i gcoinne cinneadh ó ÚNR, an cinneadh sin a chur ar neamhní, ach le cinneadh an gcuirtear cosc tríd an bhforáil sin ar inaitheantacht na cumhachta sin, trí reachtaíocht náisiúnta, ag a leithéid de chúirt.

71 Thairis sin, bhí baint fhollasach ag an gceist sin, mar is amhlaidh gur luaigh an Cúirt ina freagra, le cúinsí inar chruthaigh an chúirt a rinne an tarchur sa chás sin gur gá an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní le cearta an ghnóthais lena mbaineann a chaomhnú. Os a choinne sin, trína céad cheisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23, is é a n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt ná measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh riachtanas a thabhairt síos do neamhniú dá leithéid le cearta na n-iarratasóirí a chinntiú ina leithéid de chás agus atá i gceist sna príomhimeachtaí.

72 Faoi dheireadh, sa chás ba chúis le breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2016, *Prezes Urzędu Komunikacji Elektronicznej agus Petrotel* (C-231/15, EU:C:2016:769), fiafraíodh den Chúirt an nós le grinnscrúdú dlí a dhéanamh ar chinneadh trína gceanglaítear ar na táillí a athrú a bhaineann le líonra fón móibíleach. Ós rud é go mbíonn a malairt d'éifeachtaí ag a leithéid de chinneadh ar chinneadh a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí, ní féidir a thoimhdiú gur gá gur comhchosúil na cumhachtaí atá le bheith ag cúirt inniúil le scrúdú a dhéanamh ar na caingne arna dtionscnamh i gcoinne an dá chineál cinntí sin.

73 Sa chomhthéacs sin, ar mhaithe le cinneadh an bhfuil a leithéid de chóra agus atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, ní mór a thabhairt chun cuimhne go mbíonn anailís le déanamh ar gach cás ina bhfiafraítear an dofheidhmithe i gcleachtas nó

ródheacair a fheidhmiú dlí an Aontais ag foráil náisiúnta nós imeachta i bhfianaise ról na forála sin sna himeachtaí ar fad, oibriú agus shainghnéithe na n-imeachtaí agus, i gcás inarb iomchuí, na bprionsabal is bun leis an dlíchóras náisiúnta, ar nós chosaint chearta na cosanta, phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus oibriú réidh na n-imeachtaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 I dtaca leis sin, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur i dtreis, is deimhin nach inchinntithe go dtabharfaí faoi cheist an cás neamhdhleathach a bhíonn ann de réir dheonú neamhdhleathach na gceart úsáide radaimhinicíochtaí ag deonú cúitimh airgeadais mar aon, i gcás inarb iomchuí, le déanamh réamhíocaíochta, ann féin agus bíonn sé de cheart ag an oibreoir ar thionscain an chaingean go ndeonófaí na cearta úsáide radaimhinicíochtaí a bhí dlite dó.

75 Is tábhachtach, áfach, a lua go bhféadfadh iarmhairtí móra a bheith, agus constaic a chur, i gcleachtas, roimh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz mar a cheanglaítear le Cinneadh 2017/899, ag neamhniú gnímh a bhaineann le deonú a leithéide de chearta úsáide nó cur ar fionraí marthanach éifeachtaí a leithéide de ghníomh go dtí go ndéanfaí cinneadh faoi chaingean.

76 Go deimhin, fágann Airteagal 1(1) den Chinneadh sin go raibh an t-athchumrú sin, trína bhféachtar le hinúsáidteacht bhanda minicíochtaí 700 MHz ag lucht seirbhísí cumarsáide leictreonaí leathanbhanda gan sreang, le déanamh, i bprionsabal, an 30 Meitheamh 2020 agus, ar a dhéanaí, an 30 Meitheamh 2022, go bhfuil go bhfuil cur siar an athchumraithe sin go dtí an dáta sin le cur in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus le bunú ar chúiseanna cuí-réasúnaithe.

77 Thairis sin, de réir aithrisí 8, 9 agus 15 den Chinneadh sin, is féidir trí scaoileadh bhanda minicíochtaí 700 MHz a chur siar i mBallstát ní hamháin constaic a chur roimh fheidhm a bhaint as 5G sa Bhallstát sin ach trasnaíocht dhíobhálach a dhéanamh i mBallstáit eile, mar is amhlaidh gur agair rialtas na Cróite os comhair na Cúirte.

78 Is é a bheadh i gceist go loighciúil le neamhniú na ngníomhartha a bhaineann le deonú na gceart úsáide radaimhinicíochtaí arna nglacadh ar mhaithe le hin-athchumraitheacht bhanda minicíochtaí 700 MHz ná athdheonú na radaimhinicíochtaí lena mbaineann dá sealbhóirí roimhe sin, ina n-áirítear i ndiaidh na ndátaí a luaitear i mír 76 den bhreithiúnas seo, bíodh is gurbh fhéidir an t-athchumrú sin a chur ar neamhní agus cur as d'oibriú réidh 5G san Aontas mar sin.

79 A dhála sin, d'fhéadfadh sé gur toradh í ar chur ar fionraí marthanach éifeachtaí gníomhartha a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí ná cosc a chur le forbairt 5G, i gcás ina mbainfeadh na radaimhinicíochtaí i gceist le cearta úsáide a bhí ann roimhe sin, nó constaic a chur roimh chraoltóireacht leanúnach DTT, i gcás inar scaoileadh na radaimhinicíochtaí sin gan radaimhinicíochtaí eile a chur ar fáil do chraoltóirí DTT ar dá réir a d'fhéadfaidís tabhairt faoina ngníomhaíochtaí.

80 Thairis sin, cé gur féidir, i bprionsabal, gan constaic a chur roimh lonnú 5G le beart cúitimh arb é atá ann ná athdheonú díreach na gceart úsáide radaimhinicíochtaí ba neamhdhleathach a ndeonú trí bheart cúitimh comhchineáil, d'fhéadfaí cur as do leanúnachas chraoltóireacht DTT os a choinne sin, sa mhéid, i bhfianaise mhéid na n-infheistíochtaí is gá chun líonraí chraoltóireacht DTT a oibriú, ní féidir a chur as an áireamh go gcuirtear as do leanúnachas na craoltóireachta sin trí athdheonú *a posteriori* na gceart úsáide radaimhinicíochtaí a rinneadh cheana féin.

81 Anuas air sin, d'fhéadfaí dochar a dheanamh, i gcásanna áirithe, trí neamhniú gnímh a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí nó beart de chineáil cúiteach lena n-athdheonaítear na cearta úsáide arna ndeonú cheana féin go díreach, do chearta oibreoirí *bona fide* dar deonaíodh na cearta úsáide sin.

82 Ina theannta sin, ní mór a lua gurb é an t-aon chuspóir dá leithéid de chaingean agus atá i gceist sna príomhimeachtaí ná leasa oibreoirí eacnamaíochta a chosaint a bhíonn gníomhach san earnáil closamhairc, ar leasa iad ar cheart a chur faoi réir measúnú ábhartha agus, dá bhrí sin, cúiteamh airgeadais.

83 Agus na cúrsaí amhlaidh, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil sé ar neamhréir go riachtanach le prionsabal na héifeachtachta a dhéanamh gurb é deonú cúitimh airgeadais an t-aon chumhacht atá ag an gcúirt is inniúil ar scrúdú a dhéanamh ar chaingne arna dtionscnamh i gcoinne gníomhartha a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí.

84 Mar sin féin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 36 dá Thuairim, ní fhéadfaí cosaint éifeachtach dlí a thabhairt trí dheonú a leithéide de chúiteamh do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ach sa mhéid gurb inchúitithe tríd an gcaoi leis an gcúiteamh sin a dhéanamh na damáistí arna mbaint do na hoibreoirí eacnamaíocha de réir chur i bhfeidhm an ghnímh ba neamhdhleathach é leis an gcúirt inniúil.

85 Maidir leis na bearta cosanta, le bheith níos cruinne faoi, ós rud é nár shocraigh reachtóir an Aontais go díreach an cineál beart sealadach atá le deonú ag an gcúirt inniúil, ní mór a chinneadh, i gcás ina ndearnadh le bunús nach bhfuil sé de chumhacht ag an gcúirt, is infheidhmithe i ndiaidh an scrúdaithe ar an gcaingean arna cur faoina bráid, ach cúiteamh airgeadais a dheonú, is leor réamhíocaíocht a dhéanamh le cosaint shealadach a chinntiú trínar féidir teacht, más gá, roimh thoradh deiridh na caingne.

86 Dá bhrí sin, an freagra atá le tabhairt ar na chéad cheisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 ná go bhfuil Airteagal 4(1) den Chreat-Treoir, arna léamh i bhfianaise Airteagal 19 CAE agus Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta, ar an gcéad dul síos trína ndéantar nach mbaineann, ar an gcéad dul síos, éifeachtaí na gcaingne arna dtionscnamh ag oibreoirí eacnamaíocha i gcoinne gníomhartha a bhaineann le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí, agus banda minicíochtaí 700 MHz á n-athchumrú, ach le deonú cúitimh airgeadais agus, ar an dara dul síos, raon feidhme na mbeart cosanta is in-ordaithe nuair a bhítear ag feitheamh ar scrúdú ar a leithéid de chaingean ach le réamhíocaíocht a dhéanamh, sa mhéid gurb inchúitithe tríd an gcaoi leis an gcúiteamh sin a dhéanamh na damáistí arna mbaint do na hoibreoirí eacnamaíocha de réir chur i bhfeidhm na ngníomhartha sin.

*Na dara ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus an chéad cheist i gCás C-766/23*

87 Trína dara ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus trína céad cheist i gCás C-766/23, is cosúil iad, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 3, 8 agus 9 den Chreat-Treoir le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhoráil a dhéanamh ag reachtóir náisiúnta go ndeonófaí cearta ar acmhainn tarchuradóireachta sa bhreis a úsáid, ar scaoileadh i gcomhthéacs aistriú idir dhá theicneolaíocht chraoltóireachta trí imeachtaí lena mbaineann íocaíocht a shonraíonn an reachtóir féin tréithe áirithe a bhaineann le coinníollacha deonaithe na gceart sin agus d'oibreoirí a d'fhéadfaidís páirt a ghlacadh na himeachtaí sin.

88 Ar an gcéad dul síos, de réir Airteagal 3(1) den Chreat-Treoir, cinnteoidh na Ballstáit gurb é údarás inniúil a dhéanfaidh gach ceann de na cúraimí a chuirtear ar ÚNRanna sa Treoir seo agus sna Treoracha sonracha. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus (3) den Treoir sin, arna léamh i bhfianaise aithris 11 di, ní mór do na Ballstáit neamhspleáchas ÚNRanna a chinntiú ar mhaithe le hinfheidhmeacht neamhchlaonta fhollasach thráthúil a gcumhachtaí acu (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

89 Cé gur féachadh trí Airteagal 3 den Chreat-Treoir, sa leagan tosaigh de, go bunúsach, i gcomhréir le haithris 11 sin, le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ÚNRanna a chinntiú trí dheighilt na ndualgas rialála agus feidhmiúcháin, bhí sé de rún ag reachtóir an Aontais, trí Threoir 2009/140 agus mar is léir ó aithris 13 di, cur le neamhspleáchas ÚNRanna ar mhaithe le cur i bhfeidhm níos éifeachtaí na reachtaíochta a chinntiú agus cur lena n-údarás agus intuarthacht a gcinntí (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

90 Is in Airteagal 3(3a) den Chreat-Treoir a léirítear an cuspóir sin maidir le cur le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ÚNRanna. I gcomhréir leis an gcéad abairt den fhoráil sin, gan dochar do na cásanna maidir le dul i gcomhairle agus i gcomhar le húdaráis náisiúnta eile dá bhforáiltear san Airteagal sin, ní mór do ÚNRanna a bhíonn freagrach as rialú an mhargaidh *ex ante* nó réiteach díospóidí idir gnóthais déanamh go neamhspleách go hiomlán agus gan treoir a iarraidh nó a ghlacadh ó aon chomhlacht eile ó thaobh dhéanamh na gcúraimí arna gcur orthu (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 53).

91 Ar an dara dul síos, ní mór a shonrú go gcuirtear ar ÚNRanna sainchúraimí rialála leis an gCreat-Treoir, arna sainiú in Airteagail 8 go 13 den Treoir sin. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 9(1) den Treoir sin, bíonn deonú an speictrim chun críocha seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus tabhairt údaruithe ginearálta agus cearta aonair úsáide radaimhinicíochtaí ar na sainchúraimí rialála ar na húdaráis (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 54).

92 Dá bhrí sin, baineann eagrú sraitheanna imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí, ar nós na sraitheanna imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe seo agus na sraitheanna imeachtaí deonaithe i gceist sna príomhimeachtaí lena mbaineann íocaíocht, le feidhmiú cúraim rialála, de réir bhrí na Creat-Treorach, a bhíonn ar ÚNR.

93 Tugtar le tuiscint uaidh sin go gcuirtear teorainn na hoibleagáide neamhspleáchas ÚNR a chomhlíonadh le bearta reachtóra náisiúnta agus a leithéid de shraitheanna imeachtaí á n-eagrú aige. Mar sin, rialaigh an Chúirt go gcuirfí ó neamhspleáchas a leithéide d'údarás dá dtabharfaí cead fionraithe nó neamhnithe imeachtaí roghnúcháin le haghaidh radaimhinicíochtaí a dheonú atá ar siúl ar eagraíodh de réir fhreagracht an údaráis sin d'eintitis sheachtracha, ar nós reachtóir náisiúnta, taobh amuigh de na cásanna faireacháin agus caingne dá bhforáiltear sa Chreat-Treoir (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 56).

94 Dá ainneoin sin, baineann na ceisteanna arna gcur sna Cásanna Uamtha seo le comhréireacht dhlí an Aontais le beart ag reachtóir náisiúnta a fhéachtar leis ní hamháin le tabhairt faoi cheist imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí arna seoladh ag ÚNR i ndiadh a dtionscanta, ach le ceanglais áirithe a shainiú roimh ré nach mór do ÚNRanna déanamh dá réir agus a leithéid d'imeachtaí á n-eagrú agus á gcur i bhfeidhm.

95 Cé nach gcuirtear aon chonstaic trí phrionsabal neamhspleáchas ÚNR roimh cheangailteacht an dlí air, is amhlaidh fós nach féidir le reachtóir náisiúnta, gan neamhspleáchas ÚNR a shárú, a chumhachtaí a cheilt air ar tugadh dó tríd an gCreat-Treoir nó na Treoracha sonracha nó a chumhachtaí a fheidhmiú in ionad ÚNR (féach, de réir analaí, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin (Trasuí Threoracha 2009/72 agus 2009/73)*, C-718/18, EU:C:2021:662, míreanna 126 agus 130).

96 I dtaca leis sin, is tábhachtach a chur i dtreis go bhforáiltear le hAirteagal 8(1) den Chreat-Treoir nach mór do ÚNRanna, agus na sainchúraimí rialála orthu á ndéanamh, gach beart réasúnta a ghlacadh trína bhféachtar leis na cuspóirí a bhaint amach a shainítear san Airteagal sin, arb iad atá iontu ná an iomaíocht a chur chun cinn ó thaobh sholáthar na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus tacú le leasanna shaoránaigh an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meitheamh 2014, *TDC*, C-556/12, EU:C:2014:2009, mír 39).

97 Sa chomhthéacs sin, is faoi ÚNRanna a bhíonn sé, agus ní faoi na reachtóirí naisiúnta, na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 8 den Chreat-Treoir a mheas (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Nollaig 2009, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-424/07, EU:C:2009:749, mír 91).

98 Mar sin féin, bíodh is deimhin go bhforáiltear le hAirteagal 9(1) den Chreat-Treoir gur faoi ÚNRanna a bhíonn sé cearta úsáide radaimhinicíochtaí a dheonú, sonraítear san fhoráil sin chomh maith nach faoi na ÚNRanna go sonrach ach faoi na 'Ballstáit' a bhíonn sé, go ginearálta níos mó, a chinntiú gur bun critéir oibiachtúla fhollasacha neamhleatromacha comhréireacha leis an deonú sin.

99 Ghlac an Chúirt, áfach, de bhun na forála sin go háirithe, le corrlach lánroghnach a bheith ag na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh imeachtaí deonaithe a leithéide de chearta, lena mbaineann íocaíocht, a chur in ionad imeachtaí saor in aisce deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí, i gcomhthéacs ina ndearna an reachtóir náisiúnta an cinneadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, míreanna 65 agus 71).

100 Mar sin, i bhfianaise na ról arna dtabhairt do ÚNRanna agus do chomhlachtaí polaitiúla na mBallstát faoi seach, ní mór a chinneadh gur féidir na prionsabail a bheith sonraithe ag reachtóir náisiúnta nach mór déanamh dá réir agus sraitheanna imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí á n-eagrú, a bhfuil comhlíonadh na gceanglas arna leagan amach in Airteagal 9(1) den Chreat-Treoir le cinntiú tríothu.

101 San am céanna, ag féachaint dó nach féidir gurb é a bhíonn i mbeart an reachtóir agus na sraitheanna imeachtaí sin á n-eagrú ná a shainchúram rialála chuige sin a cheilt ar ÚNR, ní féidir leis an reachtóir sin rialacha a ghlacadh a bhíonn sé de thoradh air nach bhfuil corrlach mór lánroghnach ag ÚNR a thuilleadh agus an chaoi theicniúil le sraitheanna imeachtaí deonaithe na gceart sin á sainiú agus nach féidir sin ach imeachtaí a chur chun feidhme ar shainigh an reachtóir sin mar sin.

102 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheasúnú an urramaítear sna díospóidí sna príomhimeachtaí an ceanglas sin, féadfaidh an Chúirt, áfach, i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, de bhun na ndoiciméad atá ag an gCúirt, treoir a thabhairt don chúirt sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith úsáideach di agus measúnú a dhéanamh aici ar éifeachtaí forála áirithe de dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 41).

103 Ón taobh sin de, ní mór, ar dtús, a thabhairt chun cuimhne, mar a fhágann an cásdlí a thugtar chun cuimhne i mír 99 den bhreithiúnas seo, gur ceadmhach i bprionsabal do reachtóir náisiúnta imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht, más iomchuí leis é.

104 I bhfianaise an chorrlaigh lánroghnaigh a bhíonn ag reachtóir náisiúnta mar sin, ní féidir a chinneadh, ina leithéid de chás agus atá i gceist sna príomhimeachtaí, inarb é atá i gceist le haistriú teicneolaíoch ná acmhainn tarchuradóireachta a dheonú d'ilphléacsanna nua is mó í ná acmhainn na n-ilphléacsanna arna ndeonú roimhe sin, gur cheart gur faoi raon feidhme inniúlachtaí ÚNR an rogha idir ceart úsáide acmhainn tarchuradóireachta sa bhreis de réir an aistrithe sin a dheonú atá saor in aisce nó de réir íocaíochta.

105 Ó thaobh, ansin, na caoi le déanamh imeachtaí deonaithe na gceart úsáide sin lena mbaineann íocaíocht, is léir ó na horduithe tarchuir gur leag reachtóir na hIodáile amach sraith prionsabal lena rialaítear na himeachtaí sin. Baineann na prionsabail sin, go bunúsach, le sainiú mhéid na mbeart arna ndeonú sna himeachtaí sin, leis an oibleagáid íosluach na dtairiscintí a shocrú agus le sraith cuspóirí a shocrú atá le cur san áireamh agus tairiscintí á roghnú.

106 I bhfianaise ghinearáltacht na bprionsabal sin, is cosúil, ar dtús, nach ndéantar trí bhunú a leithéide de phrionsabail ag reachtóir náisiúnta corrlach mór lánroghnach a cheilt ar ÚNR agus rialacha mionsonraithe sonracha na n-imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí á socrú, lena mbaineann íocaíocht, go háirithe ó thaobh íosluach na dtairiscintí, na gcritéar nithiúla nach mór measúnú a dhéanamh ar thairiscintí dá réir faoi dheireadh agus na gcritéar a mheas nó fiú na féidearthachta foráil do rialacha neamhshiméadracha maidir le teacht ar na himeachtaí sin.

107 Bíodh is fíor gur cosúil go dtugtar le tuiscint ó phrionsabail ar an nós atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur i dtreis, gur féidir le hoibreoirí a bhí formhór an mhargaidh acu in earnáil closamhairc an Bhallstáit lena mbaineann go stairiúil páirt a ghlacadh in imeachtaí, ní féidir gur leor é sin le léiriú nach bhfuil corrlach mór lánroghnach ag ÚNR agus na himeachtaí sin á n-eagrú, mar a deimhnítear, áfach, toisc gur chinn AGCOM faoi dheireadh gurb indeonaithe roinnt de na bearta do na hoibreoirí sin agus gur bhunaigh sé na rialacha trína bhféachtar le tacú le hoibreoirí eile.

108 Faoi dheireadh, cé gur léir ó na horduithe tarchuir gur cuireadh san áireamh rogha an reachtóra náisiúnta imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht a eagrú, i measc eile, agus na rialacha mionsonraithe tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe seo á sainiú ag ÚNR, níl ina leithéid de chur san áireamh ach toradh ar an gcumhacht a bhíonn ag an reachtóir sin imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí, lena mbaineann íocaíocht, a dheonú i gcomhthéacs ina raibh méadú oibiachtúil ar na hacmhainní tarchuradóireachta ar fáil. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas dá réir sin go gcruthaítear gur sháraigh an reachtóir náisiúnta inniúlachtaí sonracha ÚNR.

109 I bhfianaise an mhéid sin, an freagra atá le tabhairt ar na dara ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus ar an gcéad cheist i gCás C-766/23 ná go bhfuil Airteagail 3, 8 agus 9 den Chreat-Treoir le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar fhoráil a dhéanamh ag reachtóir náisiúnta go ndeonófaí cearta ar acmhainn tarchuradóireachta sa bhreis a úsáid, ar scaoileadh i gcomhthéacs aistriú idir dhá theicneolaíocht chraoltóireachta trí imeachtaí lena mbaineann íocaíocht a shonraíonn an reachtóir féin tréithe áirithe a bhaineann le coinníollacha deonaithe na gceart sin agus d'oibreoirí a d'fhéadfaidís páirt a ghlacadh na himeachtaí sin, sa mhéid nach

ndéanann an reachtóir sin ach na prionsabail a shainiú nach bhfuil sé de thoradh orthu nach bhfuil corrlach mór lánroghnach ag ÚNR agus rialacha mionsonraithe teicniúla imeachtaí deonaithe na gceart sin á sainiú agus nach mór dó gan ach na himeachtaí a chur i bhfeidhm arna socrú ag an reachtóir sin.

*An tríú ceist agus an cúigiú ceist i gCás C-764/23, an tríú ceist i gCás C-765/23 agus an dara ceist i gCás C-766/23*

110 Lena tríú ceist agus an cúigiú ceist i gCás C-764/23, lena tríú ceist i gCás C-765/23 agus lena dara ceist i gCás C-766/23, nach mór a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 8 agus 9 den Chreat-Treoir, Airteagail 3, 5, 7 agus 14 den Treoir ‘maidir le hÚdarú’, Airteagail 2 agus 4 de Threoir ‘na hIomaíochta’ agus prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc tríothu ar reachtaíocht náisiúnta maidir le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhforáiltear leo, i mbun aistriú teicneolaíoch a théann le hathchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, do chearta úsáide radaimhinicíochtaí roimhe seo a thiontú ina gcomhionann de chearta agus go gceanglaítear mar sin ar oibreoir ar mian leis a acmhainn tarchuradóireachta a chaomhnú páirt a ghlacadh in imeachtaí lena mbaineann íocaíocht nó comhaontú a dhéanamh le hoibreoir eile.

111 Mar réamhphointe, ní mór a chinneadh nach bhfuil aon rud a fhónann do fhreagra a thabhairt ar na ceisteanna sin in Airteagal 3 den Treoir ‘maidir le hÚdarú’, ina sainítear na rialacha maidir leis na húdaruithe ginearálta is infheidhme maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ná in Airteagal 2 de Threoir ‘na hIomaíochta’, ina mbunaítear na rialacha a bhaineann leis na cearta eisiacha agus speisialta le haghaidh na líonraí sin agus na seirbhísí sin.

112 Agus an soiléirú sin déanta, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil sa Chreat-Treoir, i dTreoir ‘maidir le hÚdarú’ ná i dTreoir ‘na hIomaíochta’ aon fhoráil lena leagtar amach oibleagáid ghinearálta na cearta úsáide radaimhinicíochtaí atá ann cheana féin a thiontú ina gcomhionann de chearta i gcás ina bhfuil na cearta sin le hathdheonú le linn aistriú teicneolaíochta.

113 Is deimhin go bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Treoir ‘maidir le hÚdarú’ nach féidir na cearta úsáide radaimhinicíochtaí a athrú ach i gcásanna a bhfuil bunús oibiachtúil leo agus i gcodanna réasúnta. Thairis sin, foráiltear in Airteagal 14(2) den Treoir sin nach féidir na cearta úsáide sin a theorannú nó a tharraingt siar roimh éag na tréimhse inar deonaíodh iad ach i gcásanna ina bhfuil bunús leo.

114 Is iad a bhíonn i gcás lena leithéid de chás agus atá sna príomhimeachtaí, áfach, ina bhfuil ar Bhallstát banda mhinicíochtaí 700 MHz agus inar mian leis, san am céanna, aistriú teicneolaíoch a dhéanamh idir caighdeáin chraoltóireachta DVB-T agus DVB-T 2, ná laghdú ar líon na n-ilphléacsanna is indeonaithe d’oibreoirí eacnamaíochta chun críocha chraoltóireacht DTT agus cor mór sa scéal ó thaobh acmhainní tarchuradóireachta gach ilphléacs arna chur ar fáil do na hoibreoirí sin.

115 Ar an dóigh chéanna, ní mór a mheas gurb é atá ina leithéid de chás ná cás inar féidir údar a thabhairt de réir Airteagal 14 den Treoir ‘maidir le hÚdarú’ le hathrú, teorannú nó tarraingt siar cearta úsáide radaimhinicíochtaí atá ann cheana féin.

116 Mar sin, ní inléirithe an tAirteagal sin sa chaoi go gceanglaítear ar na Ballstáit, sa chás sin, caomhnú iomlán chearta úsáide ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T a chinntiú trína dtiontú i gcearta úsáide ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2.

117 Mar sin féin, bíodh is go mbunaítear le Cinneadh 2017/889 na rialacha maidir le hathchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, arb é atá i gceist go riachtanach leis ná athdheonú páirteach na gceart úsáide radaimhinicíochtaí, ní mór a chinneadh nach ndéantar aon fhoráil sa Chinneadh sin go bhfuil na cearta úsáide radaimhinicíochtaí cheana féin le tiontú ina gcomhionann de chearta de réir an athdheonaithe sin, ina n-áirítear i gcás ina ndéantar aistriú teicneolaíoch i dteannta an athdheonaithe sin, mar a fhoráiltear dó in aithris 20 den Chinneadh sin.

118 Mar sin féin, ní féidir a thabhairt le tuiscint ón méid roimhe seo go bhfuil ag na Ballstáit, i gcás ar an nós atá i gceist sna príomhimeachtaí, cumhacht iomlán lánroghnach cearta úsáide ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2 a dheonú.

119 Go deimhin, de réir Airteagal 4(2) de Threoir ‘na hIomaíochta’, an dara fomhír d’Airteagal 5(2) agus Airteagal 7(3) den Treoir ‘maidir le hÚdarú’ mar aon le hAirteagal 9(1) den Chreat-Treoir, ní mór cearta úsáide radaimhinicíochtaí a dheonú de bhun critéir oibiachtúla fhollasacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha. Ní mór na critéir sin a chomhlíonadh ní hamháin i leithdháileadh tosaigh na radaimhinicíochtaí, ach freisin i leithdháileadh, in athnuachan nó in aistriú na radaimhinicíochtaí uile ina dhiaidh sin i gcomhthéacs aistriú teicneolaíoch (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, míreanna 39 agus 40).

120 Bíodh is gur féidir deonú saor in aisce cearta nua úsáide radaimhinicíochtaí d’oibreoirí a bhí cearta úsáide radaimhinicíochtaí acu roimhe sin, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, a bheith i gcomhréir leis an gceanglas sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 70), ní fhágann cásdlí na Cúirte gur gá go bhfuil tiontú ceart úsáide dá leithéid faoi réir an cheanglais sin.

121 A mhalairt air sin, chuir an Chúirt i dtreis nach bhfuil sé ar na prionsabail dá bhforáiltear i ndlí an Aontais ar a mbun nach mór sraitheanna imeachtaí roghnúcháin a eagrú go bhfuil deonú ceart úsáide radaimhinicíochta le bheith saor in aisce (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 64).

122 Dá bhrí sin, cé nach gcuirtear cosc trí na forálacha dá dtagraítear i mír 119 den bhreithiúnas seo, i bprionsabal, ar chur i bhfeidhm athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz ag na Ballstáit trí shraitheanna imeachtaí tiontaithe pháirtigh na gceart úsáide radaimhinicíochta roimhe sin a chur le sraitheanna imeachtaí deonaithe na gceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht, ceanglaítear tríothu, os a choinne sin, go bhfuil na sraitheanna imeachtaí le seoladh de bhun critéir oibiachtúla fhollasacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha agus go bhfuil na sraitheanna imeachtaí sin le bheith i gcomhréir leis na cuspóirí a thugtar chun cuimhne i mír 96 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 66).

123 Léiríonn an chúirt a rinne an tarchur gurb ábhar amhrais aici, ar an gcéad dul síos, rogha na cearta úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin ar fad a thiontú trí chomhéifeacht aonair a úsáid, ar dá réir a thiontaítear ceart úsáide ilphléacs theicneolaíocht DVB-T i gceart úsáide acmhainní tarchuradóireachta in ilphléacs 0.5 theicneolaíocht DVB-T 2, gan foráil dá fhabhraí de chóras le hoibreoirí nach raibh cearta úsáide acu ach le haghaidh ilphléacs theicneolaíocht DVB-T (‘oibreoirí beaga’).

124 Ó thaobh an amhrais sin de, a bhaineann go bunúsach leis an gceanglas, a luaitear i mír 119 den bhreithiúnas seo, ar dá réir a bhfuil imeachtaí tiontaithe le bheith bunaithe ar chritéir neamh-idirdhealaitheacha, ní mór a thabhairt chun cuimhne go gceanglaítear de réir phrionsabal

ginearálta na córa comhionainne ní amháin nach gcaithfí go héagsúil le cásanna inchomparáide, ach nach gcaithfí mar an gcéanna le cásanna éagsúla chomh maith, mura bhfuil údar oibiachtúil lena leithéid de chaitheamh. Ní mór inchomparáideacht na gcásanna, *inter alia*, a shocrú agus a mheasúnú i bhfianaise chuspóir agus aidhm an ghnímh lena ndéantar an t-idirdhealú i gceist. Ní mór prionsabail agus cuspóirí an réimse lena mbaineann an gníomh sin a chur san áireamh freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 69).

125 I dtaca leis sin, de réir chásdlí na Cúirte, caitear go héagsúil le hoibreoirí trí chur i bhfeidhm comhéifeachtaí éagsúla tiontaithe maidir le hoibreoirí i gcás inchomparáide (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 49).

126 Thairis sin, rialaigh an Chúirt go mbíonn oibreoirí a d'oibrigh cainéil chomhchosúla, i bprionsabal, i gcás inchomparáide chun críocha thiontú na gcainéal sin i líonraí digiteacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 47).

127 Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, gur féidir a mheas go mbíonn oibreoirí a bhíonn cearta úsáide roinnt ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T acu, i bhfianaise, *inter alia*, na n-acmhainní tarchuradóireachta a bhíonn acu agus a suntasaí agus atá siad san earnáil closamhairc, chun críocha thiontú na gceart úsáide sin, i gcás is éagsúil le cás na n-oibreoirí beaga.

128 Ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh an bhfuil údar lena leithéid de mheasúnú i bhfianaise na gcuspóirí d'imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí atá ann cheana féin, ní mór a chur i dtreis nach mór na cuspóirí ar fad a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chreat-Treoir, ar tugadh chun cuimhne i mír 96 den bhreithiúnas seo, agus freastal ar an riachtanas maidir le bainistiú éifeachtach radaimhinicíochtaí, a cheanglaítear le hAirteagal 9(1) den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 51).

129 Sa chás seo, is é an difríocht, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, a bhíonn idir cás na n-oibreoirí a bhíonn cearta úsáide roinnt ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T agus cás na n-oibreoirí beaga ná go bhféadfaí constaic a chur trí chur i bhfeidhm comhéifeacht tiontaithe aonair roimh dhéanamh a ngníomhaíochtaí ag oibreoirí beaga, rud a fhágann go mbeadh caitheamh éagsúil ar na cásanna sin i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le cur chun cinn iomaíochtaí agus líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí á soláthar.

130 Ós rud é go bhfuil an cuspóir sin ar na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chreat-Treoir agus le cur san áireamh agus na critéir á sainiú maidir le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a shocrú an amhlaidh gur ghá cur i bhfeidhm comhéifeachta tiontaithe is fabhraí d'oibreoirí beaga, i bhfianaise a sainchháis, ar mhaithe le hiomaíocht a chur chun cinn in earnáil closamhairc na hIodáile i ndiaidh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, gan prionsabal na comhréireachta a shárú mar sin féin trí thionchar a imirt de shárú ar a bhfuil riachtanach don iomaíocht sin a chur chun cinn.

131 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a leithéid de mheasúnú a dhéanamh, mar a fhágann mír 102 den bhreithiúnas seo, féadfaidh an Chúirt, áfach, i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, de bhun na ndoiciméad atá ag an gCúirt, treoir a thabhairt don chúirt sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'fhéadfadh fónamh di agus measúnú a dhéanamh aici ar éifeachtaí forála áirithe de dhlí an Aontais.

132 I dtaca leis sin, ar an gcéad dul síos, fágann na horduithe tarchuir go gcinnteofaí trí chomhéifeacht a chur i bhfeidhm atá níos fabhraí d'oibreoirí beaga gur féidir a ngníomhaíocht a dhéanamh go neamhspleách i ndiaidh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, ó tharla nárbh fhéidir go teicniúil craoladh neamhspleách a dhéanamh gan teacht a bheith ar ilphléacs theicneolaíocht DVB-T 2 ar fad agus nach mbeadh sé de thoradh ar chomhéifeacht aonair tiontaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na hoibreoirí ar fad nach mbeadh cearta úsáide ilphléacs iomlán theicneolaíocht DVB-T 2 ag oibreoir beag.

133 Ar an dara dul síos, áfach, ós rud é go bhfágann míreanna 112 go 117 den bhreithiúnas seo nach bhforáiltear le dlí an Aontais d'oibleagáid cearta úsáide radaimhinicíochtaí a bhí ann roimhe seo a thiontú ina gcomhionann de chearta ina leithéid de chás agus atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní mór don chúirt a rinne an tarchur, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhoscarthacht theicniúil na radaimhinicíochtaí i gceist, a chur san áireamh ní hamháin éifeachtaí sraitheanna imeachtaí tiontaithe na gceart úsáide minicíochtaí a bhí ann roimhe seo ina n-aonair, ach éifeacht gach sraithe imeachtaí arna gcur i bhfeidhm ag údaráis na hIodáile ar mhaithe le hathchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz agus aistriú teicneolaíoch idir caighdeáin chraoltóireachta DVB-T agus DVB-T 2 a chinntiú.

134 Fágann na horduithe tarchuir agus na barúlacha arna gcur faoi bhráid na Cúirte gur chuir na húdaráis roinnt sásraí i bhfeidhm trína bhféachtar le déanamh go bhfuil teacht tosaíochta ag oibreoirí beaga ar na hacmhainní is gá le bheith in ann cur leis an gceart ar úsáid acmhainní tarchuradóireachta ilphléacs theicneolaíocht 0.5 DVB-T 2 arna fháil, saor in aisce, in imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe seo. Mar sin, ar dtús, shainigh na húdaráis an chaoi leis na himeachtaí deonaithe ceart úsáide a dhéanamh lena mbaineann íocaíocht, ansin, cheadaigh siad do na hoibreoirí lena mbaineann comhaontuithe a dhéanamh ar mhaithe lena gcearta féin úsáide acmhainní tarchuradóireachta ilphléacs theicneolaíocht DVB-T2 a chur le chéile agus, faoi dheireadh, sheol siad imeachtaí nua trína bhféachtar le cearta úsáide acmhainní tarchuradóireachta ilphléacs theiceolaíocht DVB-T2 a chur ar fáil nár deonaíodh ó thosach.

135 De bhun na n-iarrataí ar réamhrialú agus na mbarúlacha arna gcur faoi bhráid na Cúirte, is cosúil, de réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, go raibh feidhm éifeachtach ag na sásraí éagsúla arna gcur i bhfeidhm ag údaráis na hIodáile le gníomhaíochtaí na n-oibreoirí beaga a chaomhnú, ar sásraí iad, de réir na faisnéise arna cur faoi bhráid na Cúirte, a bhain roinnt de na hoibreoirí beaga is gníomhach in earnáil closamhairc na hIodáile úsáid astu lena ngníomhaíocht a dhéanamh i ndiaidh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz.

136 Ar a tríú dul síos, ó thaobh chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, ní mór a lua, ar dtús, gur cosúil go bhfuil sé de rún ag an gcúirt a rinne an tarchur feidhm maidir leis na hoibreoirí beaga a bheith ag comhéifeacht shonrach tiontaithe, lena gcuirfí ceart úsáide ilphléacs ar fáil do gach oibreoir beag, i ndiaidh thiontú na gceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe seo. I bhfianaise thréithe ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2 arna sonrú ag an gcúirt a rinne an tarchur, chuirfí go mór de bharr chur i bhfeidhm a leithéide de chomhéifeacht tiontaithe le hacmhainní tarchuradóireachta na n-oibreoirí beaga sin.

137 Ní féidir a mheas nach gnách do mhéadú dá leithéid a bheith ann de bharr imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí. Ina theannta sin, chinn an Chúirt gur féidir gur díréireach beart ar dá réir a dheonófaí breis radaimhinicíochtaí d'oibreoirí atá sa mhargadh cheana féin agus a bheadh leordhóthanach do leanúnachas a dtairisceana a chinntiú agus gur féidir cur as do

theacht ar an margadh ag oibreoirí nua leis (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 76 agus an 26 Iúil 2017, *Peridera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 53).

138 Anuas air sin, is cosúil, de réir na faisnéise sna horduithe tarchuir ar líon ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T 2 atá ar fáil agus ar líon na n-oibreoirí a bhfuil cearta úsáide ilphléacs theicneolaíocht DVB-T acu go ndéanfaí laghdú mór ar acmhainní tarchuradóireachta oibreoirí eile de dheasca ilphléacs theiceolaíocht DVB-T 2 a dheonú d'oibreoirí beaga chomh maith.

139 I bhfianaise a iarmhairtí, ní féidir gur beart comhréireach caitheamh go héagsúil mar sin le roinnt cineálacha oibreoirí atá san aon mhargadh ach i gcás inar cosúil gur riachtanach é le hiomaíocht a chaomhnú san earnáil closamhairc i gceist.

140 Ar an dara dul síos, is ábhar éiginnteachta ag an gcúirt sin comhréireacht phrionsabal chosaint na deimhneachta dlíthiúla i gcás na dtiontaítear cearta úsáide radaimhinicíochtaí a bhí ann roimhe sin ina gcomhionann de chearta.

141 De réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, tá prionsabal chosaint na deimhneachta dlíthiúla ar bhunphrionsabail an Aontais agus tá sé le comhlíonadh ag institiúidí an Aontais agus ag na Ballstáit i bhfeidhmiú a gcumhachtaí arna gcur orthu le Treoracha an Aontais chomh maith (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear).

142 Baineann an ceart an prionsabal sin a agairt le haon duine a bhí ionchas ag údaráis riaracháin ina leith de bhun dearbhuithe soiléire ar thug siad. Is dearbhú a d'fhéadfadh a bheith ina leithéid d'ionchas, gan beann ar an gcaoi a chuirtear í in iúl, aon fhaisnéis bheacht neamhchoinníollach chomhréireach ó fhoinsí údarásacha iontaofa (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Europa Way agus Persidera*, C-560/15, EU:C:2017:593, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

143 Ní féidir gur údar muiníne ag oibreoir eacnamaíochta, áfach, nach ndearnadh aon leasú reachtach, agus ní féidir leis ach an chaoi lena leithéid de leasú a dhéanamh a thabhairt faoi cheist (breithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Global Starnet*, C-322/16, EU:C:2017:985, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

144 Dá bhrí sin, ní féidir gurb é is bun amháin leis go leanann cearta úsáide radaimhinicíochta de bheith do-bhraite ná go bhfuil na cearta sin ag oibreoir agus, i gcás aistriú teicneolaíoch, ba ghá go dtiontófaí iad lena chur i gcumas radaimhinicíochtaí nua a úsáid lena dtáirgtear dó a comhionann nó a bhfearr d'acmhainní tarchuradóireachta. De réir mhíreanna 114 go 116 den bhreithiúnas seo chomh maith, a mhalairt air sin, d'fhéadfadh aistriú teicneolaíoch ar an nós atá i gceisteanna sna cásanna uamtha seo a bheith ina chás trína bhféadfaí údar a thabhairt, i bhfianaise Airteagal 14 den Treoir 'maidir le hÚdarú', leis na cearta úsáide radaimhinicíochta atá ann cheana féin a leasú, a srianadh nó a tharraingt siar.

145 Os a choinne sin, bíonn sé de cheart ag oibreoir prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh a agairt i gcás inar thug údarás riaracháin ráthaíochtaí soiléire neamhchoinníollacha comhréireacha dó nárbh intugtha faoi cheist cearta úsáide radaimhinicíochtaí arna ndeonú dó ag aistriú teicneolaíoch féideartha nó, ina leithéide chás, go ndlífí tiontú na gceart úsáide sin dó ar mhaithe le hacmhainn tarchuradóireachta a chinntiú dó is comhionann í ar a laghad leis an acmhainn a bhí aige de réir na gceart úsáide sin.

146 Sa chás seo, cuireann an chúirt a rinne an tarchur i dtreis go bhfuair Cairo Network a chearta úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin in imeachtaí lena mbaineann íocaíocht inar sonraíodh sa ghlao ar iarratais gur féachadh tríothu le cearta úsáide minicíochtaí a dheonú le haghaidh chórais DVB, is é sin caighdeán DVB-T, mar aon le cora a bhí sa scéal roimhe sin ó thaobh teicneolaíochta de, go bhfaigheadh an tairgeoir buaiteach minicíocht a bheidh a gcomhionann de chlúdach agus d'fhad aici ar scaoileadh na minicíochtaí ar mhaithe lena ndeonú d'oibreoirí teileachumarsáide agus go ndeonófaí an mhinicíocht ar feadh 20 bliain.

147 Ní mór a mheas gur leor na sonraí sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 68 dá Thuairim, le ceadú don oibreoir a fuair siad prionsabal chosaint na deimhneachta dlíthiúla a agairt maidir leis na cearta a chaomhnú nó a thiontú ina gcomhionann de chearta a fuair sé agus banda minicíochtaí 700 MHz á n-athchumrú ar nós le linn an athraithe theicneolaíoch idir caighdeáin DVB-T agus DVB-T 2.

148 I bhfianaise a bhfuil roimhe seo, an freagra atá le tabhairt ar an tríú ceist agus ar an gcúigiú ceist i gCás C-764/23, ar an tríú ceist i gCás C-765/23 agus ar an dara ceist i gCás C-766/23 ná go bhfuil Airteagail 8 agus 9 den Chreat-Treoir, Airteagail 5, 7 agus 14 den Treoir 'maidir le hÚdarú', Airteagal 4 de Threoir 'na hIomaíochta' agus prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta maidir le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhforáiltear leis, le linn aistriú teicneolaíoch a théann le hathchumrú banda minicíochtaí 700 MHz, do chearta úsáide radaimhinicíochta roimhe seo a thiontú ina gcomhionann de chearta agus go gceanglaítear mar sin ar oibreoir ar mian leis a acmhainn a chaomhnú páirt a ghlacadh in imeachtaí lena mbaineann íocaíocht nó comhaontú a dhéanamh le hoibreoir eile, sa mhéid nach gá lena leithéid de thiontú le hiomaíocht a chaomhnú sa mhargadh lena mbaineann agus nach bhfuair na hoibreoirí i gceist ráthaíochtaí soiléire neamhchoinníollacha comhréireacha ó na húdaráis riaracháin go gcaomhnófaí a n-acmhainn tarchuradóireachta i gcás athchumrú a gceart úsáide radaimhinicíochtaí.

*Na ceathrú ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus an tríú ceist i gCás C-766/23*

149 Trína ceathrú ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus trína tríú ceist i gCás C-766/23, nach mór a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 8 agus 9 den Chreat-Treoir agus Airteagail 3, 5, 7 agus 14 den Treoir 'maidir le hÚdarú' agus Airteagail 2 agus 4 de Threoir 'na hIomaíochta' le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar chóras athchumraithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhfuil bearta struchtúracha ag dul leo trína bhféachtar le cúiteamh a dhéanamh i neamhdhleathacht sraitheanna imeachtaí deonaithe a leithéide de chearta roimhe sin nó na ndálaí a bhí ann roimh úsáid na radaimhinicíochtaí.

150 Mar réamhphointe, ní mór a chinneadh nach bhfuil aon rud a fhónann do fhreagra a thabhairt ar na ceisteanna sin in Airteagal 3 den Treoir 'maidir le hÚdarú', ina sainítear na rialacha maidir leis na húdaruithe ginearálta is infheidhme maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ná in Airteagal 2 de Threoir 'na hIomaíochta', ina mbunaítear na rialacha a bhaineann leis na cearta eisiacha agus speisialta le haghaidh na líonraí sin agus na seirbhísí sin.

151 Cuirtear d'oibleagáid trí Airteagal 8 den Chreat-Treoir ar na Ballstáit a chinntiú go nglacfadh ÚNRanna na bearta réasúnta ar fad le hiomaíocht a chur chun cinn agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí á soláthar, trína dheimhniú nach saobhtar nó nach gcoisctear an iomaíocht san

earnáil cumarsáide leictreonaí trí deireadh a chur leis na constaicí sin roimh sholáthar na seirbhísí sin ar leibhéal an Aontais (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

152 Mar a luadh i míreanna 96 agus 119 den bhreithiúnas seo, ní mór do ÚNRanna, agus a gcúram a dhéanamh maidir le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí, gach beart réasúnta a ghlacadh leis na cuspóirí a bhaint amach a leagtar amach in Airteagal 8 den Chreat-Treoir agus na cearta sin a dheonú de bhun critéir oibiachtúla fhollasacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha.

153 Thairis sin, de réir Airteagal 5(6) den Treoir 'maidir le hÚdarú', cinnteoidh ÚNRanna nach saobhfaí an iomaíocht, *inter alia*, trí chearta úsáide radaimhinicíochtaí a charnadh.

154 Thug an Chúirt le tuiscint ó na forálacha sin gurb é is bun, *inter alia*, leis an reachtaíocht nua a bhfuil comhbhaint aici maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, le líonraí cumarsáide leictreonaí agus leis na hacmhainní agus seirbhísí lena mbaineann ná cuspóir maidir le hiomaíocht éifeachtach neamhshaofa agus go bhféachtar tríthi lena forbairt, agus prionsabail na córa comhionainne agus na comhréireachta á gcomhlíonadh go háirithe (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 42).

155 Le bheith níos sonraí faoi, rialaigh an Chúirt go gcuirtear cosc trí Airteagal 9(1) den Chreat-Treoir, Airteagal 5(1) den Treoir 'maidir le hÚdarú' agus Airteagal 4(1) de Threoir 'na hIomaíochta', ar bhearta náisiúnta a choinnítear struchtúir an mhargaidh náisiúnta mar atá agus a chosnaítear áit na n-oibreoirí náisiúnta atá gníomhach cheana féin sa mhargadh sin trí theorainn a chur ar rochtain ag oibreoirí nua ar an margadh sin dá ndeasca, mura dtugtar údar leis na bearta sin trí chuspóirí leasa ghinearálta agus mura bhfuil siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla fhollasacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

156 Ina theannta sin, chinn an Chúirt go mbeadh sé ar neamhréir le dlí an Aontais chomh maith fad nó fiú treise a chur le buntáiste míchuí iomaíochta ag oibreoir atá sa mhargadh cheana féin arna fháil mar atá ar neamhréir leis na ceanglais dlí agus leis an gcuspóir maidir le hiomaíocht éifeachtach neamhshaofa, trí chosc nó teorainn a chur le rochtain ag oibreoirí nua sa mhargadh (breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 44).

157 Mar a luaigh an chúirt a rinne an tarchur, thug an Chúirt le tuiscint ó na breithnithe sin nár cheart cainéil analógacha arna n-oibriú go mídhleathach a chur san áireamh in imeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí arna seoladh i gcomhthéacs aistriú digiteach, sa mhéid go gcuirfí fad nó treise fiú trí thiontú na gceart úsáide lena mbaineann le buntáiste míchuí iomaíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera*, C-112/16, EU:C:2017:597, mír 45).

158 Bíodh is infheidhme go loighciúil an réiteach sin maidir le himeachtaí tiontaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí, ní mór a lua gurb éagsúil go soiléir an cás i gceist sna príomhimeachtaí leis an gcás a bhí i gceist sa chás ba bhun le breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Persidera* (C-112/16, EU:C:2017:597).

159 Go deimhin, fágann na horduithe tarchuir go n-oibrítí de réir rialacha is infheidhme na hIodáile ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T ar fad, sular athchumraíodh banda minicíochtaí 700 MHz, ar ilphléacsanna iad lenar bhain na himeachtaí tiontaithe i gceist.

160 Ní féidir a chur as an áireamh go hiomlán, i gcás dá leithéid, go bhféadfaí ceangal ar ÚNR, ar mhaithe leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le hiomaíocht éifeachtach neamhshaofa a luaitear i mír 154 den bhreithiúnas seo, na bearta a ghlacadh ar chosúil gur gá leo chun réiteach a thabhairt ar shaobhadh mór na hiomaíochta de dheasca na mbeart neamhdhleathacha a bhaineann leis na sraitheanna imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin nó leis na dálaí a bhí ann roimh úsáid na radaimhinicíochtaí.

161 B'amhlaidh an cás dá mbeadh sé bunaithe gur dócha go mbeadh fad lena leithéid de shaobhadh iomaíochta san earnáil lena mbaineann i ndiaidh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz.

162 Mar sin féin, ní féidir a mheas go gceanglaítear trí dhlí an Aontais ar ÚNRanna, ar mhaithe le réiteach a thabhairt ar shaobhadh dá leithéid ar an iomaíocht, tús áite a thabhairt do bhearta struchtúracha trína gcuirtear athrú ar dheonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí. A mhalairt air sin, ní fhéadfadh ÚNR a leithéid de bhearta a ghlacadh de réir phrionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh ach i gcás nárbh inbhainte amach ag bearta níos teoranta na cuspóirí a thugtar chun cuimhne i mír 96 den bhreithiúnas seo.

163 Mar sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh an bhfuil gá le measúnú AGCOM a thabhairt faoi cheist ar dá réir ar leor na bearta arna nglacadh cheana féin ag údaráis na hIodáile le réiteach a thabhairt ar shaobhadh mór iomaíochta a d'fheadfaí a dhéanamh de réir bearta neamhdhleathacha arna ndéanamh in earnáil closamhairc na hIodáile a bhaineann le sraitheanna imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí roimhe sin nó leis na dálaí a bhí ann roimh úsáid na radaimhinicíochtaí.

164 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a leithéid de mheasúnú a dhéanamh, mar a fhágann míreanna 102 agus 131 den bhreithiúnas seo, féadfaidh an Chúirt, áfach, i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, de bhun na ndoiciméad atá ag an gCúirt, treoir a thabhairt don chúirt sin maidir le léiriú ar dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith úsáideach di agus measúnú a dhéanamh aici ar éifeachtaí forála áirithe de dhlí an Aontais.

165 Sa chás seo, luann an chúirt a rinne an tarchur roinnt bearta neamhdhleathacha arb inimeartha tionchar leo ar earnáil closamhairc na hIodáile. Ar dtús, san aimsir ina raibh an teilifís á craoladh go hanalógach, bhíodh cainéal á oibriú go neamhdhleathach ag RAI agus Mediaset araon. Ansin, san aimsir chéanna, deonaíodh do Centro Europa 7 Srl, a bhaineann le Europa Way, ceadúnas craoltóireachta teilifíse gan minicíocht a fháil, áfach, lena ghníomhaíocht a dhéanamh. Faoi dheireadh, le linn an aistrithe dhigitigh, líomhnaítear gur chuir reachtóir na hIodáile imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí ar neamhní go neamhdhleathach agus gur úsáid sé modh tiontaithe ceart úsáide radaimhincíochtaí roimhe sin is mífhabhrach é le Persidera.

166 Ní mhíníonn an chúirt a rinne an tarchur, áfach, an chaoi a leanfadh na bearta neamhdhleathacha arna ndéanamh san am a caitheadh d'éifeachtaí a bheith acu ar an iomaíocht idir oibreoirí in earnáil closamhairc na hIodáile. Ní léir a leithéid d'éifeachtaí ó na doiciméid atá ag an gCúirt ach an oiread. A mhalairt air sin, de réir na ndoicimead sin, *inter alia*, fiú roimh athchumrú bhanda minicíochtaí 700 MHz, bhí ag Europa Way cearta úsáide ilphléacs theicneolaíocht DVB-T ar dá réir a bhí a ghníomhaíocht indéanta aige agus go raibh ag Persidera cearta úsáide le haghaidh a uasmhéide d'ilphléacsanna theicneolaíocht DVB-T is inoibrithe ag oibreoir i gcomhréir le dlí na hIodáile.

167 Ina theannta sin, sonraítear san orduithe tarchuir gur ghlac údaráis na hIodáile roinnt bearta le réiteach a thabhairt ar éifeachtaí na mbeart neamhdhleathacha arna lua i mír 165 den bhreithiúnas seo, go háirithe trí oibleagáidí sonracha a chur ar RAI agus Mediaset agus trí shraitheanna imeachtaí deonaithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí a eagrú lena bhforáiltear do bhearta is fabhraí le hoibreoirí a imríodh drochthionchar orthu trí na bearta neamhdhleathacha sin nó nach bhfuil suntasach go mór in earnáil closamhairc na hIodáile. Is cosúil chomh maith gur foráladh do bhearta mar sin agus banda minicíochtaí 700 MHz á athchumrú ós rud é go raibh rialacha trína bhféachtar le buntáiste a thabhairt d'oibreoirí beaga agus Persidera ag baint leis na himeachtaí um dheonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí lena mbaineann íocaíocht arna gcur i bhfeidhm ag an am sin.

168 Agus na cúrsaí amhlaidh, ní léir óna bhfuil ag an gCúirt go dtabharfaí údar trí thréithe cáis ar an nós atá i gceist sna príomhimeachtaí le glacadh na mbeart struchtúracha ar dá réir a athraítear deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí ar mhaithe le réiteach a thabhairt ar iarmhairtí na mbeart neamhdhleathacha san am a caitheadh. Mar sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú an léir ón méid nach bhfuil luaite aici sna horduithe tarchuir gur gá bearta struchtúracha a ghlacadh chuige sin.

169 Dá bhrí sin, an freagra atá le tabhairt ar na ceathrú ceisteanna i gCásanna C-764/23 agus C-765/23 agus ar an tríú ceist i gCás C-766/23 ná go bhfuil Airteagail 8 agus 9 den Chreat-Treoir agus Airteagail 5, 7 agus 14 den Treoir 'maidir le hÚdarú' agus Airteagal 4 de Threoir 'na hIomaíochta' le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar chóras athchumraithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhfuil bearta struchtúracha ag dul leo trína bhféachtar le cúiteamh a dhéanamh i neamhdhleathacht sraitheanna imeachtaí deonaithe a leithéide de chearta roimhe sin agus nó na ndálaí a bhí ann roimh úsáid na radaimhinicíochtaí, ar choinníoll gur leor bearta eile arna nglacadh ag na húdaráis inniúla le réiteach a thabhairt ar shaobhadh mór iomaíochta a d'fheadfadh na bearta neamhdhleathacha sin a bheith ina gcúis leo.

**Costais**

170 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

**1. Maidir le hAirteagal 4(1) de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonra agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ('an Chreat-Treoir'), arna leasú le Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009, arna léamh i bhfianaise Airteagal 19 CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:**

**ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, ar an gcéad dul síos trína ndéantar nach mbaineann, ar an gcéad dul síos, éifeachtaí na gcaingne arna dtionscnamh ag oibreoirí eacnamaíocha i gcoinne gníomhartha a bhaineann le deonú ceart úsáide**

**radaimhinicíochtaí, agus banda minicíochtaí 694-790 MHz, á n-athchumrú, ach le deonú cúitimh airgeadais agus, ar an dara dul síos, raon feidhme na mbeart cosanta is in-ordaithe nuair a bhítear ag feitheamh ar scrúdú ar a leithéid de scrúdú ach le réamhíocaíocht a dhéanamh, sa mhéid gurb inchúitithe tríd an gcaoi leis an gcúiteamh sin a dhéanamh na damáistí arna mbaint do na hoibreoirí eacnamaíocha de réir chur i bhfeidhm na ngníomhartha sin.**

**2. Maidir le hAirteagail 3, 8 agus 9 de Threoir 2002/21, arna leasú le Treoir 2009/140,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**ní chuirtear cosc leo ar fhoráil a dhéanamh ag reachtóir náisiúnta go ndeonófaí cearta ar acmhainn tarchuradóireachta sa bhreis a úsáid, ar scaoileadh i gcomhthéacs aistriú idir dhá theicneolaíocht chraoltóireachta trí imeachtaí lena mbaineann íocaíocht a shonraíonn an reachtóir féin tréithe áirithe a bhaineann le coinníollacha deonaithe na gceart sin agus d'oibreoirí a d'fhéadfaidís páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin, sa mhéid nach ndéanann an reachtóir sin ach na prionsabail a shainiú nach bhfuil sé de thoradh orthu nach bhfuil corrlach mór lánroghnach ag údarás náisiúnta rialála**[1] **agus rialacha mionsonraithe teicniúla imeachtaí deonaithe na gceart sin á sainiú agus nach mór dó gan ach na himeachtaí a chur i bhfeidhm arna socrú ag an reachtóir sin.**

**3. Maidir le hAirteagail 8 agus 9 de Threoir 2002/21, arna leasú le Treoir 2009/140, Airteagail 5, 7 agus 14 de Threoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir 'maidir le hÚdarú'), arna leasú le Treoir 2009/140, Airteagal 4 de Treoir 2002/77/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2002 maidir le hiomaíocht sna margaí do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta maidir le deonú ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhforáiltear leis, le linn aistriú teicneolaíocht a théann le hathchumrú banda minicíochtaí 694-790 MHz, do chearta úsáide radaimhinicíochta roimhe seo a thiontú ina gcomhionann de chearta agus go gceanglaítear mar sin ar oibreoir ar mian leis a acmhainn a chaomhnú páirt a ghlacadh in imeachtaí lena mbaineann íocaíocht nó comhaontú a dhéanamh le hoibreoir eile, sa mhéid nach gá lena leithéid de thiontú le hiomaíocht a chaomhnú sa mhargadh lena mbaineann agus nach bhfuair na hoibreoirí i gceist ráthaíochtaí soiléire neamhchoinníollacha comhréireacha ó na húdaráis riaracháin go gcaomhnófaí a n-acmhainn tarchuradóireachta i gcás athchumrú a gceart úsáide radaimhinicíochtaí.**

**4. Maidir le hAirteagail 8 agus 9 de Threoir 2002/21, arna leasú le Treoir 2009/140, Airteagail 5, 7 agus 14 de Threoir 2002/20, arna leasú le Treoir 2009/140, agus Airteagal 4 de Threoir 2002/77,**

[1] Féach ar an gcéad léamh.

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**ní chuirtear cosc leo ar chóras athchumraithe ceart úsáide radaimhinicíochtaí nach bhfuil bearta struchtúracha ag dul leo trína bhféachtar le cúiteamh a dhéanamh i neamhdhleathacht sraitheanna imeachtaí deonaithe a leithéide de chearta roimhe sin nó na ndálaí a bhí ann roimh úsáid na radaimhinicíochtaí, ar choinníoll gur leor bearta eile arna nglacadh ag na húdaráis inniúla le réiteach a thabhairt ar shaobhadh mór iomaíochta a d'fheadfadh na bearta neamhdhleathacha sin a bheith ina gcúis leo.**

Sínithe